Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**8922/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0143 (COD)**

**CLIMA 79**
**ENV 299**
**TRANS 211**
**MI 359**
**CODEC 793**
**IA 134**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Bealtaine 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 284 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 284 final.

---

Faoi iamh: COM(2018) 284 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.5.2018
COM(2018) 284 final

2018/0143 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena socraítear caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2018) 233 final} - {SWD(2018) 185 final} - {SWD(2018) 186 final}

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Faoi Chomhaontú Pháras, tá gealltanas tugtha ag an Aontas Eorpach athrú aeráide a sheachaint tríd an téamh domhanda a theorannú go maith faoi 2°C. Is réamhriachtanas tábhachtach é astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú leis an ngealltanas sin a chomhlíonadh.

Áirítear le creat aeráide agus fuinnimh 2030 an Aontais sprioc maidir le laghdú 40% ar a laghad a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa intíre an Aontais i gcomparáid le leibhéil 1990. Beidh a gcuid féin den obair le déanamh ag gach earnáil chun an leibhéal uaillmhéine sin a bhaint amach agus má táthar chun costais agus mórthionchair an athraithe aeráide a sheachaint.

Tá earnáil an iompair de bhóthar an-tábhachtach i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus geilleagar an Aontais a dhícharbónú. Tá feithiclí saothair éadroim – gluaisteáin paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma (veaineanna) – ag baint a sciar féin de laghduithe ar astaíochtaí amach agus cuireadh reachtaíocht ar aghaidh[1] in 2017 ionas go leanfaidh siad ar aghaidh ag déanamh sin tar éis 2020.

Tá iompar lasta de bhóthar riachtanach chun trádáil agus tráchtáil a fhorbairt ar Mhór-roinn na hEorpa. Iompraíonn leoraithe thart ar 70% den lasta arna iompar ar tír, agus cuireann siad seirbhísí poiblí ríthábhachtacha ar fáil freisin. Cuimsíonn earnáil an lasta de bhóthar agus an earnáil iompair paisinéirí fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) go príomha, agus tá beagnach 3 mhilliún duine á bhfostú ag níos mó ná 600 000 fiontar ar fud an Aontais. Tá 3.5 milliún duine eile fostaithe i monarú, deisiú, díolacháin, léasú agus árachas leoraithe.

Cé gurb ionann astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair, i.e. leoraithe, busanna agus cóistí, agus thart ar 6% d'astaíochtaí iomlán an Aontais agus 25% d'astaíochtaí $CO_2$ ón iompar de bhóthar san Aontas, níl siad á rialú ar leibhéal an Aontais faoi láthair. Tá trí phríomhfhadhb ag baint leis sin.

<u>Ar an gcéad dul síos</u>, gan aon ghníomhaíocht bhreise a dhéanamh, táthar ag tuar go dtiocfaidh fás 9% ar astaíochtaí $CO_2$ ó feithiclí tromshaothair le linn na tréimhse 2010–2030 mar gheall ar mhéadú ar ghníomhaíochtaí iompair. Mar a léirítear sa Mheasúnú Tionchair[2] a ghabhann leis na caighdeáin maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí saothair éadroim tar éis 2020, tá gá le tuilleadh beart in earnáil an iompair de bhóthar chun na spriocanna náisiúnta do 2030 a bhaint amach a leagtar amach faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Dícheall.

<u>Ar an dara dul síos</u>, cailleann oibreoirí iompair agus a gcliaint tairbhe aon choigiltis breosla agus aon billí breosla laghdaithe a d'fhéadfadh a bheith ann faoi láthair. Cé go bhfuil teicneolaíochtaí costéifeachtacha ar fáil go héasca chun astaíochtaí a laghdú, níl siad leata go fairsing ar mhargadh na bhfeithiclí tromshaothair. Déanann sé sin dochar d'oibreoirí iompair, FBManna nó micrifhiontair go príomha, a mbíonn costais breosla orthu uaireanta atá níos airde ná aon cheathrú dá gcostais oibríochtúla.

---

[1] COM(2017) 676 final

[2] SWD (2017) 650 final

Ar an tríú dul síos, tá brú iomaíochta domhanda ar mhonaróirí feithiclí tromshaothair an Aontais atá ag méadú de shíor, mar go bhfuil bearta rialála curtha chun feidhme cheana ag na Stáit Aontaithe, Ceanada, an tSeapáin agus an tSín chun astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair a laghdú. Beidh ar earnáil mótarfheithiclí an Aontais coimeád suas leis na feabhsúcháin theicneolaíocha sna margaí sin chun a ceannaireacht theicneolaíoch ó thaobh éifeachtúlacht breosla feithiclí a choimeád.

Tá roinnt píosaí éagsúla reachtaíochta de chuid an Aontais ábhartha i dtaca le dícharbónú an iompair de bhóthar, lena dtugtar aghaidh ar na fadhbanna thuasluaite go pointe áirithe. Baineann sé sin le soláthar, éileamh, ionstraimí eacnamaíocha agus ionstraimí cumasaithe. Ní leor na bearta sin, áfach, chun dul i ngleic leis na príomhbhacainní margaidh is tábhachtaí lena gcuirtear srian ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí éifeachtúlachta breosla.

Leagtar amach leis an togra le haghaidh caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí tromshaothair beart forlíontach a bhaineann le soláthar ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní margaidh sin, a bhfuil na príomhchuspóirí seo a leanas ag baint leis:

– Astaíochtaí $CO_2$ ó earnáil na bhfeithiclí tromshaothair a laghdú i gcomhréir le riachtanais bheartas aeráide an Aontais agus Chomhaontú Pháras, agus truailliú aeir a laghdú, go háirithe i gcathracha.

– Laghdú a éascú ar chostais oibriúcháin d'oibreoirí iompair, is FBManna den chuid is mó, agus ar bhonn níos ginearálta, laghdú ar chostais iompair do thomhaltóirí a bhraitheann ar thardhul choigiltis breosla.

– Ceannaireacht theicneolaíoch agus nuálaíochta monaróirí agus soláthraithe comhpháirteanna feithiclí tromshaothair an Aontais a chothabháil.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is cuid den Tríú Phacáiste Soghluaisteachta é an togra seo. Cuirtear i gcrích leis an gealltanas a tugadh i Straitéis Eorpach 2016 maidir le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí, a bhfuil sé i measc a spriocanna astaíochtaí gás ceaptha teasa in iompar de bhóthar a laghdú faoi 60% ar a laghad faoin mbliain 2050 i gcomparáid le leibhéil 1990 agus caighdeáin a leagan síos maidir le hastaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair.

Leis an togra, comhlánaítear agus cuirtear le bearta beartais soghluaisteachta eile de chuid an Aontais atá ann cheana a bhfuil tionchar acu ar an timpeallacht rialála agus a spreagann soghluaisteacht íseal-astaíochtaí in earnáil na bhfeithiclí tromshaothair, amhail an Rialachán maidir le Deimhniú[3], an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú[4], córas cineálcheadaithe an Aontais Eorpaigh, an Treoir maidir le hEoraifínéad[5], an Treoir maidir le Cáilíocht Breoslaí[6], an Treoir maidir le Feithiclí Glana[7], an Treoir maidir le meáchain agus toisí uasta údaraithe[8] agus an Treoir maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid (AFID)[9].

---

3 Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún maidir le hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus ídiú breosla feithiclí tromshaothair a chinneadh

4 COM(2017) 0279 final

5 Treoir 2011/76/AE

6 Treoir 2009/30/CE

7 Treoir 2009/33/CE

8 Treoir 2015/719/AE

9 Treoir 2014/94/AE

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuireann an togra seo leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, slán agus iomaíoch agus cuideoidh sé chun an sprioc atá san áireamh sa Straitéis don Aontas Fuinnimh a bhaint amach i dtaca le hastaíochtaí a laghdú faoi 40% ar a laghad[10]. Cuideoidh sé freisin leis na Ballstáit na spriocanna náisiúnta i dtaca le laghdú astaíochtaí arna leagan síos faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill[11] a bhaint amach.

Ar deireadh, tá an togra ag teacht freisin leis an ngníomhaíocht ar leibhéal domhanda atá déanta ag an Aontas chun na spriocanna uaillmhianacha maidir leis an aeráid a bhaint amach faoin gcomhaontú a daingníodh i bPáras ag an 21ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe (COP21) faoi choimirce na Náisiún Aontaithe.

Trí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le ceannaireacht theicneolaíoch agus nuálaíochta thionscal mótarfheithiclí an Aontais, tá an togra i gcomhréir leis an Straitéis Athnuaite do Bheartas Tionsclaíochta[12], lena gcuirtear in iúl go bhfuil tionscal mótarfheithiclí atá nua-aimseartha agus iomaíoch de dhíth go géar ar gheilleagar an Aontais Eorpaigh. Anuas air sin, trí sholáthar teicneolaíochtaí nua atá tíosach ar fhuinneamh a spreagadh, cuireann an togra freisin le comhlíonadh cuspóirí an Aontais maidir le poist agus fás a ghineadh.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Sainítear in Airteagal 191 go hAirteagal 193 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh inniúlachtaí an Aontais i réimsí a bhaineann leis an athrú aeráide. Foráiltear leo go háirithe don bhunús dlí chun gníomhú maidir le hídiú breosla agus astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair.

Ghníomhaigh an tAontas cheana i réimse astaíochtaí $CO_2$ feithiclí, nuair a ghlac sé Rialachán (CE) 443/2009 agus (AE) 510/2011, lena leagtar síos teorainneacha maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin agus veaineanna. Ghlac an Coimisiún freisin togra le haghaidh Rialachán maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla feithiclí nua tromshaothair. Bunaíodh na Rialacháin sin ar an gcaibidil Comhshaoil den Chonradh, eadhon Airteagal 192 CFAE.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

*An gá le beart ón Aontas*

Is fadhb trasteorann is ea an t-athrú aeráide agus ag an am céanna is inniúlacht í a roinntear idir an tAontas agus na Ballstáit. Tá gné trasteorann ag baint le hiompar lasta de bhóthar freisin i bhfianaise na seirbhíse sonraí a chuireann sé ar fáil. Ní laistigh de thír amháin a dhéantar earraí a iompar ach ar fud na mBallstát chomh maith agus is féidir feithiclí tromshaothair a thrádáil ar fud an Aontais.

Dá dhroim sin, tá údar le beart ón Aontas i bhfianaise thionchar trasteorann an athraithe aeráide agus, chomh maith leis sin, i bhfianaise an ghá atá ann na margaí aonair i seirbhísí iompair lasta de bhóthair agus i bhfeithiclí tromshaothair a chosaint.

[10] COM(2015) 080 final

[11] COM(2016) 482 final

[12] COM(2017) 479 final

Gan aon ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, bheifí ag brath ar thionscnaimh ó na Ballstáit chun astaíochtaí feithiclí tromshaothair a laghdú. Faoi láthair áfach, tá cóireáil fhabhrach cánach i bhfeidhm ag cuid mhór Ballstát maidir leis an mbreosla a úsáidtear in earnáil iompair na bhfeithiclí tromshaothair, agus níl mórán comharthaí ann go n-athróidh sé sin amach anseo. Níl an méadú riachtanach ar éifeachtúlacht bhreosla spreagtha ag na leibhéil reatha chánach breosla.

Ina theannta sin, is faoi na Ballstáit a bheadh sé cinneadh den sórt sin a dhéanamh agus ní dóigh go méadóidh na Ballstáit go léir na leibhéil chánach breosla in éineacht a chéile go leibhéal a d’fhéadfadh feabhas suntasach ar éifeachtúlacht a spreagadh. Sa bhreis air sin, tá beartas cánach an Aontais faoi réir aontoilíochta, rud a fhágann go bhfuil sé deacair an réimse beartais sin a chomhchuibhiú.

Ar na cúiseanna sin, d’fhéadfadh an méadú féideartha ar leibhéil chánach breosla a bheith comhlántach ach ní fhéadfaí é a úsáid in ionad caighdeáin maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a bhunú.

Anuas air sin, i gcás go bhfágfaí faoi na Ballstáit gníomh a dhéanamh, d'fhéadfaí scéimeanna náisiúnta éagsúla a bhunú, e.g. ag brath ar na spriocanna a leagtar amach faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill. Ba é an toradh a bheadh air sin leibhéil dhifriúla uaillmhéine agus paraiméadair dhifriúla dearaidh, rud a d’fhágfadh gur ghá raon roghanna teicneolaíochta a bheith ann, agus laghdófaí barainneachtaí scála agus dhéanfaí dochar don mhargadh aonair dá bharr.

Ar an ábhar sin, toisc go bhfuil sciartha éagsúla den mhargadh feithiclí ag monaróirí i mBallstáit éagsúla, bheadh tionchar difreálach ag reachtaíochtaí náisiúnta éagsúla ar na monaróirí sin, agus d’fhágfadh sé go bhféadfadh saobhadh iomaíochta a bheith ann.

Is gá, dá bhrí sin, gníomhaíocht chomhordaithe chomhlántach ar leibhéal an Aontais.

*Luach breise a bhaineann le beart ón Aontas*

I bhfianaise an mhargaidh aonair atá ann cheana d’fheithiclí nua tromshaothair, is é an rogha is costéifeachtaí gníomhaíocht chomhchuibhithe a áirithiú agus spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ a leagan síos i gcomhair feithiclí tromshaothair nua ar leibhéal an Aontais. Fiú dá mbunódh na Ballstáit go léir caighdeáin rialála maidir le hastaíochtaí $CO_2$ feithiclí nua, mar thoradh ar chomhordú easnamhach idir tíortha thiocfadh ardú ar na costais chomhlíontachta atá ar mhonaróirí agus, de dheasca ilroinnt an mhargaidh Eorpaigh, lagódh sé an dreasacht a bheadh ann gluaisteáin agus veaineanna a dhearadh a bheadh éifeachtach ó thaobh breosla de.

Thabhódh soláthraithe comhpháirteanna agus monaróirí feithiclí araon na costais bhreise a thiocfadh as easpa caighdeán comhchoiteann agus easpa réiteach teicniúil comhchoiteann nó cumraíochtaí feithicle. Chuirfí na costais bhreise sin ar aghaidh chuig na custaiméirí, áfach, agus ghearrfaí costais feithicle níos airde orthu.

Is gá a oiread cinnteachta rialála is féidir sa tionscal mótarfheithiclí chun na hinfheistíochtaí móra caipitil a dhéanamh atá riachtanach leis an leas is mó is féidir a bhaint as barainneacht breosla feithiclí nua, agus cinnteacht rialála níos mó fós chun aistriú go gléasraí cumhachta malartacha. Is le caighdeáin chomhchuibhithe ar leibhéal an Aontais a chuirtear an chinnteacht sin ar fáil le linn tréimhse pleanála fadtéarmaí agus ní fhéadfaí na caighdeáin sin a chur chun feidhme leis an leibhéal céanna éifeachtachta agus cinnteachta ar leibhéal an Bhallstáit.

- **Comhréireacht**

Féachtar leis na roghanna beartais a chlúdaítear leis an togra seo astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair a rialáil. Tá an togra dírithe ar an méid is gá chun na cuspóirí arna leagan síos a bhaint amach.

I bhfianaise an méid sin, tá an togra ag teacht le prionsabal na comhréireachta. Leagtar síos leis caighdeáin maidir le hastaíochtaí chun na laghduithe is gá ar astaíochtaí $CO_2$ feithiclí nua tromshaothair a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach i gcomhréir le creat comhaontaithe aeráide agus fuinnimh 2030 de chuid an Aontais agus, ag an am céanna, áirithítear go mbíonn na hiarrachtaí dáilte go cothrom idir na monaróirí.

I gCaibidil 7 den Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo, féachtar ar ghnéithe comhréireachta gach ceann de na roghanna beartais a leagtar amach.

- **An rogha ionstraime**

Meastar gurb é an ionstraim dhlíthiúil iomchuí Rialachán go n-áiritheofar trína bhíthin go bhfuil monaróirí ag comhlíonadh na caighdeáin feidhmíochta $CO_2$, ach nach mbeidh gá le trasuí i reachtaíocht na mBallstát dá droim. Tá feidhm ag cuspóir an Aontais maidir leis Aontas ina iomláine. Dá bhrí sin is gá a áirithiú go n-úsáidfear cur chuige aonfhoirmeach sna Ballstáit go léir. Anuas air sin, mar a mhínítear thuas, is gá cur chuige comhchuibhithe a úsáid chun aon saobhadh iomaíochta a sheachaint chomh maith le haon bhaol go mbrisfí suas an margadh inmheánach.

Tá an rogha sin i gcomhréir leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d’fheithiclí tráchtála éadroma nua arna leagan síos i Rialachán (CE) 443/2009 agus Rialachán (AE) 510/2011.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Níorbh fhéidir aon mheastóireacht a dhéanamh i bhfianaise na fírice nach ann do reachtaíocht de chuid an Aontais lena leagtar síos caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d’fheithiclí tromshaothair.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

D’iarr an Coimisiún aiseolas ó na páirtithe leasmhara ar na bealaí seo a leanas:

(a) comhairliúchán poiblí ar líne (ón 20 Samhain 2017 go dtí an 29 Eanáir 2018)

(b) ceardlann do pháirtithe leasmhara (an 16 Eanáir 2018);

(c) cruinnithe le comhlachais thionsclaíocha ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar mhonaróirí feithiclí, soláthraithe comhpháirteanna agus ábhar, soláthraithe breosla.

(d) cruinnithe le húdaráis ó na Ballstáit, monaróirí feithiclí, soláthraithe, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha;

(e) páipéir sheasaimh arna dtíolacadh ag páirtithe leasmhara agus ag na Ballstáit.

Tugtar achoimre ar an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara in Iarscríbhinn 2 den Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo.

Is féidir achoimre a thabhairt ar na príomhthorthaí ar na comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara mar seo a leanas.

Nuair a iarradh ar na páirtithe leasmhara a roghanna tosaíochta a thabhairt in ord tábhachtachta chun astaíochtaí $CO_2$ feithiclí nua tromshaothair a laghdú agus chun cur le baint

amach spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030, ba é an rogha tosaíochta i measc na bpáirtithe leasmhara an reachtaíocht lena leagtar síos caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair ar leibhéal an Aontais.

Cé go raibh gach eagraíocht de chuid na sochaí sibhialta i bhfabhar spriocanna atá ceangailteach do laghdú astaíochtaí $CO_2$ ar leibhéal an Aontais, luaigh roinnt monaróirí feithiclí tromshaothair agus a gcomhlachais gurbh fhearr leo bearta eile a dhéanamh trí bhíthin cur chuige cuimsitheach lena n-áirítear reachtaíocht lena ndéanfaí scéim lipéadaithe $CO_2$ a shainmhíniú ar leibhéal an Aontais, earnáil an iompair a chur san áireamh i Scéim Trádála Astaíochtaí an Aontais, dreasachtaí eile amhail cánacha breosla ar leibhéal náisiúnta, nó muirearú bóithre bunaithe ar $CO_2$.

Cé nach é an rogha tosaíochta a luaigh monaróirí go mbunófaí caighdeáin maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí tromshaothair, mhol siad spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ 2025 agus 2030 a leagan síos ag an raon is ísle de na roghanna a bhreithnítear sa Mheasúnú Tionchair, agus d'iarr siad athbhreithniú ar sprioc 2030 go luath sna 2020í.

Thacaigh eagraíochtaí comhshaoil neamh-rialtasacha le sprioc $CO_2$ amháin a chuirfí i bhfeidhm ó 2025 ar aghaidh, ar leibhéal a fhreagraíonn don raon is airde de na roghanna a bhreithnítear, agus sprioc 2030 a leagan síos ag céim níos deireanaí.

Maidir le dreasachtaí d'fheithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha, luaigh monaróirí gurbh fhearr leo scéim shárchreidmheasanna faoina ndéanfaí na feithiclí sin a chomhaireamh níos mó ná uair amháin i leith sprioc shonrach an mhonaróra i dtaca le $CO_2$ a chomhlíonadh. Bhí eagraíochtaí comhshaoil neamh-rialtasacha i bhfabhar sainordú lena gceanglófaí ar mhonaróirí sciar íosta d'fheithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a chlárú, nó sainordú solúbtha faoina ndéanfaí sprioc $CO_2$ monaróra a mhaolú dá mbeadh tagarmharc á shárú ag an sciar d'fheithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha.

Thacaigh na páirtithe leasmhara go léir le cur chun feidhme costéifeachtach. Bhí monaróirí i bhfabhar an tsolúbthacht is fairsinge is féidir agus níor thacaigh eagraíochtaí neamh-rialtasacha ach le scéim trádála. Thacaigh mórchuid na bpáirtithe leasmhara le próiseas a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar a ionadaíoch atá na hastaíochtaí deimhnithe $CO_2$ i gcomparáid le fíorastaíochtaí.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Maidir le measúnú cainníochtúil ar an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil, tá an tuarascáil ar an measúnú tionchair ag brath ar shraith samhlacha agus ar thacar tiomnaithe de chuair chostais, lena gcumhdaítear raon leathan teicneolaíochtaí chun astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair a laghdú.

Rinneadh na cuair chostais sin, lena léirítear cumas laghdúcháin $CO_2$ agus na costais a bhaineann le laghdú $CO_2$ i dtaca le níos mó ná 50 teicneolaíocht, a fhorbairt mar chuid de staidéar a rinne conraitheoirí de chuid an Choimisiúin[13] agus obair a rinne an Ionad Comhpháirteach Taighde[14].

Úsáidtear an tsamhail PRIMES-TREMOVE chun meastachán a dhéanamh ar an bhforbairt a thiocfaidh ar earnáil an iompair de bhóthar do raon cásanna. Tá úsáid leanúnach bainte ag an gCoimisiún as an tsamhail sin dá thionscnaimh aeráide, fuinnimh agus iompair. Ina theannta

[13] "*Heavy Duty Vehicles - support for preparation of impact assessment for $CO_2$*" [Feithiclí Tromshaothair - ag tacú le measúnú tionchair ar $CO_2$ a ullmhú], staidéar don Choimisiún arna dhéanamh ag TNO, TUG, CE Delft agus ag an Ionad Idirnáisiúnta Frithsceimhlitheoireachta, tuairisc le foilsiú;

[14] "*Heavy Duty Vehicles $CO_2$ Emission Reduction Cost Curves and Cost Assessment – enhancement of the DIONE model*" [Na Cuair Chostais a bhaineann le Laghdú ar Astaíochtaí $CO_2$ Feithiclí Tromshaothair agus an Measúnú ar Chostais - feabhas ar shamhail DIONE], JRC, le foilsiú

sin, úsáideadh an tsamhail DIONE, arna forbairt ag AS JRC, le haghaidh measúnú ar chostais agus úsáideadh an tsamhail mhaicreacnamaíoch EXIOMOD chun an tionchar ar olltáirgeacht intíre agus láimhdeachas earnála a mheas.

Bailíodh tuilleadh faisnéise trí bhíthin staidéar tacaíochta ó chonraitheoirí seachtracha, agus ina raibh an t-ionad comhpháirteach taighde páirteach, inar tugadh aghaidh, go háirithe, ar na saincheisteanna seo a leanas:

- na heilimintí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an iomaíochas tionsclaíoch agus ar an bhfostaíocht;
- an tionchar a bhíonn ag cineálacha difriúla cur chuige rialála, méadrachta rialála agus eilimintí dearaidh (módúlachtaí) a d'fhéadfadh a bheith ann;
- an tionchar ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus astaíochtaí truailleán.

Cuirtear faisnéis faoi na sonraí agus na múnlaí anailíseacha a úsáideadh i láthair i gCaibidil 6 agus in Iarscríbhinn 4 den Mheasúnú Tionchar.

- **Measúnú tionchair**

Ullmhaíodh agus forbraíodh an measúnú tionchair a théann leis an togra seo i gcomhréir leis an treoir is infheidhme maidir le Rialáil Níos Fearr. D'eisigh an Bord Scrúdúcháin Rialála tuairim dhiúltach i leith an chéad dréacht an 4 Aibreán 2018.

Cuimsíodh na feabhsuithe a mhol an Bord i ndréacht leasaithe. Baineann sé sin leis na príomheilimintí seo a leanas: (1) soiléirithe agus forbairt maidir leis an anailís ar chlistí an mhargaidh, go háirithe i ndáil le faisnéis margaidh éagothrom; (2) anailís bhreise, cur i láthair níos fearr agus soiléiriú maidir leis na teicneolaíochtaí atá ar fáil go héasca agus teicneolaíochtaí ionchasacha chomh maith leis na héiginnteachtaí a bhaineann leo - lena n-áirítear trí thábla achoimre na dteicneolaíochtaí a chur san áireamh; (3) cur i láthair níos fearr de straitéis reatha an Choimisiúin agus a straitéis don todhchaí chun astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair a laghdú faoi 2030; (4) tuilleadh faisnéise faoi na toimhdí bunúsacha atá mar bhonn ag ríomh na gcoigilteas lena bhfuiltear ag súil.

Thug an Bord tuairim dhearfach i leith an dara leagan den dréacht-Mheasúnú Tionchair an 19 Aibreán 2018. Áirítear leis an leagan deiridh feabhsuithe breise arna moladh ag an mBord ina thuairim dheiridh: (1) tuilleadh faisnéise faoin tábhacht a bhain le hobair a rinneadh roimhe ar thomhas, deimhniú, faireachán agus tuairisciú, i dtaca le hastaíochtaí CO2 a rialú in earnáil na bhfeithiclí tromshaothair; (2) mínithe níos fearr ar an táimhe i dtaobh teicneolaíochtaí nua a fhorbairt chun breosla a shábháil, agus mar a dhéanann oibreoirí tearcinfheistíocht i dteicneolaíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh mar gheall ar éiginnteachtaí i dtaca leis an margadh iompair.

*Roghanna beartais*

Na roghanna beartais a rinneadh a mheas, grúpáiltear iad sa Mheasúnú Tionchair i gcúig phríomheilimint chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna arna sainaithint agus chun na cuspóirí beartais a bhaint amach.

**1) Spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh flít uile an Aontais (raon feidhme, méadracht, aonad méadrach, leibhéal, amchlár)**

Agus na spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh flít uile an Aontais á sainmhíniú, cuireadh na gnéithe seo a leanas san áireamh: raon feidhme, méadracht, aonad méadrach, leibhéal, amchlár.

Maidir le raon feidhme an togra, breithníodh ar roghanna leis na ceithre príomhghrúpa feithiclí a chumhdach a chumhdófar leis an rialachán maidir le Deimhniú ón 1 Eanáir 2019 nó leis an ngrúpa is mó amháin a chumhdach, ag baint úsáide as caighdeáin $CO_2$ d'fheithiclí ina n-iomláine sa dá chás. Rinneadh anailís ar an tríú rogha freisin, a bhain le caighdeáin $CO_2$ a chur isteach a bhain le hinnill amháin.

Is é an rogha tosaíochta na ceithre ghrúpa feithiclí leis na leibhéil is airde astaíochta $CO_2$ a chumhdach, agus na caighdeáin $CO_2$ d'fheithiclí ina n-iomláine a chur i bhfeidhm. Áiritheofar leis sin an leibhéal is airde éifeachtachta i dtaca le sochair chomhshaoil agus breisluach.

Maidir leis an méadracht do na spriocanna, áiríodh ar na roghanna a breithníodh cur chuige "Umar go Roth" agus cur chuige "Tobar go Roth". Maidir le haonaid mhéadracha leis na spriocanna a léiriú, breithníodh trí rogha, agus cuimsítear fóntas feithiclí tromshaothair go leibhéal éagsúil i ngach ceann acu.

Is é an rogha tosaíochta an cur chuige "Umar go Roth" a úsáid agus go mbeidh na spriocanna leagtha síos de réir g $CO_2$/tkm. Áirithítear leis sin comhsheasmhacht leis an gcleachtas rialála atá ann cheana, agus ar an mbealach sin seachnófar comhaireamh dúbailte agus mearbhall maidir le freagrachtaí idir monaróirí agus soláthraithe breosla. Tugtar aird iomlán leis an aonad méadrach ar fhóntas na leoraithe a chumhdaítear freisin.

Tugadh aghaidh ar raon leathan spriocleibhéal agus roghanna éagsúla amchláir, lenar cumhdaíodh na tuairimí a bhí curtha in iúl ag páirtithe leasmhara.

I bhfianaise na hanailíse a rinneadh, is é an rogha tosaíochta spriocanna ceangailteacha $CO_2$ a leagan síos ó 2025 ar aghaidh, lena laghdófar astaíochtaí i gcomparáid le leibhéil 2019, bunaithe ar sholáthar teicneolaíochtaí costéifeachtacha a bheidh ar fáil go héasca. Maidir le 2030, is airde na héiginnteachtaí a bhaineann le húsáid ardteicneolaíochtaí nach bhfuil ar fáil go héasca go fóill. Sin é an chúis gurb é an rogha tosaíochta nach leagfar síos ach sprioc mhianaidhme do 2030. Dá bhrí sin, ba cheart athbhreithniú luath a dhéanamh in 2022 leis an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) an sprioc éigeantach a leagan síos do 2030 freisin; (ii) measúnú a dhéanamh ar na módúlachtaí don chur chun feidhme; (iii) athbhreithniú a dhéanamh ar an raon feidhme chun leoraithe níos lú a chumhdach freisin, chomh maith le busanna, cóistí agus leantóirí.

Leis an gcur chuige sin, tabharfar teachtaireacht shoiléir agus thráthúil gur fiú infheistíocht a dhéanamh ar ionchais mheántéarmacha agus cuideoidh sé le Ballstáit chun na spriocanna a bhaint amach arna leagan síos faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill.

**2) Sprioc le haghaidh flít uile an Aontais a dháileadh ar ghrúpaí agus monaróirí feithiclí**

Cé go sainmhíníonn an sprioc $CO_2$ le haghaidh flít uile an Aontais leibhéal foriomlán uaillmhéine an bheartais, is gá breithniú ar chomhdhéanamh flít monaróirí chun é a chur i bhfeidhm go praiticiúil, i dtaca lena dháileadh ar na grúpaí éagsúla feithiclí. Ní mór comhlíonadh spriocanna a léiriú ar leibhéal an mhonaróra. Áiríodh ar na roghanna leithdháilte a breithníodh spriocanna ar leithligh do gach foghrúpa feithiclí tromshaothair nó sprioc aonair in aghaidh gach monaróra, ríofa mar mheán ualaithe na spriocanna foghrúpa go léir, ag cur san áireamh líon na bhfeithiclí i ngach foghrúpa agus a bhfóntas.

Is é an rogha tosaíochta meánsprioc ualaithe aonair a bheith ann do gach monaróir. Is é sin an rogha a thugann an scór is airde maidir le héifeachtúlacht agus comhréireacht. Soláthraíonn sé solúbthacht trí dheis a thabhairt cothromaíocht a aimsiú idir tearcfheidhmíocht feithiclí i bhfoghrúpaí ar leith agus sárú spriocanna i bhfoghrúpaí feithiclí eile.

**3) Dreasachtaí i gcomhair feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha**

Sa Mheasúnú Tionchair rinneadh ceithre chineál dreasachta sonraí i gcomhair feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a mheas. Áirítear orthu sin sár-chreidmheasanna, córas creidmheasa aontreo agus córas creidmheasa sa dá threo atá ceangailte leis na spriocanna, chomh maith le sainordú.

Anuas air sin, rinneadh measúnú ar leagan athraitheach, lena sínítear dreasacht na bhfeithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha trí feithiclí tromshaothair eile a chumhdach amhail busanna agus leoraithe níos lú nach mbeadh faoi réir na spriocanna $CO_2$ ar dtús.

Is é an rogha tosaíochta dreasacht i gcomhair feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a bhunú i bhfoirm sár-chreidmheasanna ag a mbeidh coimircí leordhóthanacha chun lagú spriocanna $CO_2$ a chosc. Meastar gurb é sin an rogha is éifeachtaí i bhfianaise chéim shonrach forbartha agus soláthair na dteicneolaíochtaí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha in earnáil na bhfeithiclí tromshaothair.

**4) Eilimintí le haghaidh cur chun feidhme costéifeachtach**

Rinneadh measúnú ar eilimintí éagsúla lena féidir cur chun feidhme costéifeachtach a dhéanamh. Áirítear orthu sin (1) díolúintí le haghaidh feithiclí seirbhíse, e.g. feithiclí láithreáin tógála, leoraithe bruscair, (2) comhroinnt, (3) trádáil agus (4) baincéireacht agus iasachtú.

I bhfianaise cumas teoranta feithiclí seirbhíse i dtaca le hastaíochtaí $CO_2$ a laghdú ar bhealach costéifeachtach mar gheall ar a míleáiste agus pálasta níos ísle i gcomparáid le feithiclí tromshaothair eile, is é an rogha tosaíochta na feithiclí sin a dhíolmhú ó na spriocanna laghdúcháin astaíochtaí $CO_2$.

Maidir le solúbthachtaí, is é an rogha tosaíochta foráil a dhéanamh do bhaincéireacht agus iasachtú creidmheasanna $CO_2$ i mblianta éagsúla comhlíonta, lena n-áirítear na coimircí riachtanacha chun éifeachtúlacht na reachtaíochta ó thaobh an chomhshaoil de a ráthú. Is é sin an rogha is éifeachtaí agus is lú a dhéanann saobhadh ar an margadh.

**5) Saincheisteanna a bhaineann le rialachas**

Braitheann éifeachtacht na spriocanna maidir le fíorastaíochtaí $CO_2$ a laghdú ar a ionadaíoch atá torthaí na huirlise ionsamhlúcháin VECTO i dtaca le fíorchúinsí meánacha tiomána, ar thaobh amháin, agus, ar thaobh eile, ar a mhéid atá feithiclí tromshaothair a chuirtear ar an margadh i gcomhréir leis na feithiclí tagartha a ndéantar a thástáil de réir cineálcheadú. Baineann na roghanna a rinneadh a mheas le fíorastaíochtaí, faireachas margaidh agus pionóis.

Seo a leanas na roghanna tosaíochta:

(a) Sainordú a thabhairt sonraí i dtaca le fíorídiú breosla arna dtuairisciú ag monaróirí agus atá bunaithe ar mhéadair éigeantacha chaighdeánacha ídithe breosla a bhailiú, a fhoilsiú agus faireachán a dhéanamh orthu.

(b) Tástálacha comhréireachta inseirbhíse a thabhairt isteach agus sainordú a thabhairt maidir le diallais a thuairisciú agus sásra ceartúcháin a thabhairt isteach.

(c) Pionóis airgeadais a chur i bhfeidhm i gcásanna nach gcomhlíontar na spriocanna $CO_2$.

Leis na roghanna sin feabhsófar éifeachtacht, éifeachtúlacht agus breisluach na reachtaíochta.

Tagairt don achoimre feidhmiúcháin ar an measúnú tionchair: SWD(2018)186

Tagairt don tuairim a thug an Bord Scrúdúcháin Rialála: SEC(2018)233

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

I gcomhréir le tiomantas an Choimisiúin i leith rialáil níos fearr, ullmhaíodh an togra go cuimsitheach, bunaithe ar thrédhearcacht agus ar phlé leanúnach le páirtithe leasmhara.

Lena chois sin, rinneadh anailís sa mheasúnú tionchair ar an gcaoi a bhféadfaí an reachtaíocht a shimpliú agus costais riaracháin neamhriachtanacha a laghdú.

Meastar go mbeidh díolúintí ó chaighdeáin maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ann i gcomhair feithiclí seirbhíse.

Anuas air sin, cuimsítear leis an togra roinnt eilimintí chun cur chun feidhme costéifeachtach a áirithiú, amhail baincéireacht agus iasachtú, rud a laghdaíonn costais chomhlíontachta ar mhonaróirí.

Ní chruthófaí ualach breise riaracháin mar thoradh ar chur chun feidhme an chórais shárchreidmheasanna atá beartaithe i gcomhair feithiclí astaíochtaí ísle agus nialasacha mar nach gá tuairisciú breise a dhéanamh i dtaca leis.

Beidh tionchar na roghannaa bhaineann le rialachas, i dtaca le hualach riaracháin, ag brath ar bhearta nithiúla cur chun feidhme.

Ní bheadh costais riaracháin bhreise d'údaráis cineálcheadaithe i gceist leis an tionscnamh féin. Rinneadh na costais a bhaineann le deimhniú agus le faireachán agus tuairisciú ar shonraí i ndáil le hastaíochtaí $CO_2$ a mheas i dtaca leis na tograí sin.

- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear sa togra seo na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá an tionchar buiséadach ag éirí as chur chun feidhme an Rialacháin atá beartaithe iontach teoranta (féach na mionsonraí sa Ráiteas Airgeadais Reachtach atá ag gabháil leis seo).

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Leis an togra seo, cuirtear leis an Rialachán maidir le Deimhniú[15] agus leis an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú[16].

Agus an Rialachán deireanach sin á chur i bhfeidhm, déanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) na sonraí clárúcháin ó na húdaráis náisiúnta a chónascadh leis na sonraí faireacháin ó mhonaróirí agus foilseoidh sí sonraí bliantúla faireacháin in aghaidh gach monaróra agus gach grúpa feithiclí i dtaca le gach feithicil dheimhnithe nua a chlárófar san Aontas.

Anuas air sin, moltar sa Mheasúnú Tionchair an Rialachán atá beartaithe maidir le faireachán agus tuairisciú ar shonraí i leith astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair a chomhlánú leis an dá bheart faireacháin breise seo a leanas.

---

[15] Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún maidir le hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus ídiú breosla feithiclí tromshaothair a chinneadh

[16] COM(2017) 0279 final

- sonraí i dtaca le fíorídiú breosla arna dtuairisciú ag monaróirí agus atá bunaithe ar mhéadair éigeantacha chaighdeánacha ídithe breosla a bhailiú, a fhoilsiú agus faireachán a dhéanamh orthu;
- tástálacha comhréireachta inseirbhíse a thabhairt isteach chomh maith leis an oibleagáid diallais ó luachanna cineálcheadaithe a thuairisciú, mar aon le sásra ceartúcháin.

Leis na bearta faireacháin comhlántacha sin, dhéanfaí an próiseas faireacháin a threisiú agus éifeachtacht an tionscnaimh reachtaigh atá beartaithe a áirithiú.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

**Airteagal 1 – Ábhar**

Leagtar amach san Airteagal seo cuspóir an Rialacháin seo, is é sin cur leis na laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$ a cheanglaítear mar chuid den Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill trí laghduithe ar astaíochtaí in earnáil an iompair de bhóthar. Sonraítear ann freisin na spriocanna coibhneasta laghdúcháin atá le baint amach ag flít feithiclí tromshaothair nua an Aontais le linn na tréimhse 2025 go 2029. Leagtar amach leis sprioc mhianaidhme do 2030, is gá a chinneadh faoi réir athbhreithithe in 2022.

Socraítear na spriocanna mar laghdú coibhéiseach ar mheán-astaíochtaí sonracha na bhfeithiclí arna gclárú sa bhliain thagartha 2019, arb é an chéad bhliain a mbeidh sonraí oifigiúla i leith astaíochtaí $CO_2$ agus a ndearnadh faireachán orthu ar fáil. Tá na spriocanna sannta do gach foghrúpa feithiclí de réir mar a shainmhínítear in Alt 1 d'Iarscríbhinn I. Níl an cumas céanna ag feithiclí seirbhíse (e.g. trucailí bruscair agus leoraithe láithreáin tógála) ó thaobh $CO_2$ a laghdú is atá ag feithiclí tromshaothair a úsáidtear chun earraí a iompar agus dá bhrí sin tá siad eisiata ó ríomh na n-astaíochtaí tagartha $CO_2$.

Cinntear na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ i gcomhréir le hAlt 3 d'Iarscríbhinn I.

**Airteagal 2 – Raon feidhme**

Leis an Airteagal seo tugtar sainmhíniú ar na feithiclí a thagann faoi raon an Rialacháin seo trí thagairt a dhéanamh do na catagóirí ábhartha arna sainmhíniú i reachtaíocht a bhaineann le cineálcheadú agus leis na ceithre ghrúpa feithiclí a mbeidh sonraí deimhnithe i leith astaíochtaí $CO_2$ ar fáil ina leith ó 2019 ar aghaidh. Ní bheidh feithiclí i gcatagóir M2 (busanna) agus i gcatagóir M3 (cóistí) agus feithiclí i gcatagóir N (leoraithe) nach bhfuil cuimsithe ag an gceithre ghrúpa feithiclí thuasluaite faoi réir na gceanglas laghdúcháin $CO_2$, ach ba cheart iad a chur san áireamh chun críche na ndreasachtaí a thugtar d'fheithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha (féach Airteagal 5).

Anuas air sin, sonraítear leis an bhforáil na cásanna ina meastar go bhfuil feithiclí nuachláraithe chun críche an Rialacháin.

**Airteagal 3 – Sainmhínithe**

Leagtar amach san Airteagal seo na sainmhínithe atá le cur i bhfeidhm chun críche an Rialacháin seo.

**Airteagal 4 - Meánastaíochtaí sonracha monaróra**

De réir an Airteagail seo, déanfaidh an Coimisiún meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ gach monaróra a chinneadh agus a fhoilsiú gach bliain ó 2019 ar aghaidh. Déanann na monaróirí lena mbaineann na sonraí a úsáidtear mar bhonn leis na meánastaíochtaí a ríomh a thuairisciú de bhun Rialachán (AE) Uimh .../2018. Chun fóntas agus sainiúlacht na bhfeithiclí a léiriú, déanfar na feithiclí tromshaothair aonair a shannadh ar fhoghrúpaí éagsúla feithiclí, ina

gcuirfear ualuithe sonracha i bhfeidhm do na próifílí misin (i.e. na patrúin úsáide feithiclí), na pálastaí agus na míleáistí bliantúla. Anuas air sin, cuirtear san áireamh sciar d'fheithiclí an mhonaróra i ngach foghrúpa feithiclí. Níl an cumas céanna ag feithiclí seirbhíse i gcatagóir N2 agus i gcatagóir N3 (e.g. trucailí bruscair, leoraithe láithreáin tógála) ó thaobh $CO_2$ a laghdú is atá ag feithiclí tromshaothair a úsáidtear chun earraí a iompar agus dá bhrí sin beidh siad eisiata ó ríomh an mheáin. Leagtar amach i Roinn 2 d'Iarscríbhinn I na foirmlí leis na meánastaíochtaí sonracha a ríomh.

**Airteagal 5 - Feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle**

Chun úsáid feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a spreagadh, déanfar na feithiclí sin a chomhaireamh níos mó ná uair amháin chun meánastaíochtaí sonracha monaróra a chinneadh, ó 2019 ar aghaidh. Bainfidh monaróirí feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha tairbhe as na "sár-chreidmheasanna" sin i leith gach feithicil astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a chuirfear ar an margadh le fachtóir iolraithe éagsúil de réir astaíochtaí $CO_2$ na feithicle.

Cuirtear dreasacht speisialta ar fáil freisin d'fheithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha i gcatagóir M2 (busanna) agus i gcatagóir M3 (cóistí) chomh maith le feithiclí áirithe i gcatagóir N (leoraithe beaga), lena n-áirítear feithiclí seirbhíse astaíochtaí nialasacha. Cé nach bhfuil na feithiclí sna catagóirí sin faoi réir cheanglais laghdúcháin $CO_2$ faoin Rialachán seo, ina ainneoin sin cuirtear san áireamh iad chun an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle a chinneadh.

Ciallaíonn feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle feithiclí tromshaothair a bhfuil astaíochtaí sonracha faoi 350g $CO_2$/km ag baint leis, i.e. níos lú ná leath na meánastaíochtaí flít.

Chun sláine chomhshaoil na spriocanna a chaomhnú, ba cheart uasteorann a bheith i bhfeidhm maidir le hísliú meánastaíochtaí sonracha na monaróirí tríd an scéim dreasachta d'fheithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha.

Leagtar amach i Roinn 2.3 d'Iarscríbhinn I na foirmlí leis an bhfactóir astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a ríomh.

**Airteagal 6 – Spriocanna monaróra i leith astaíochtaí sonracha**

Déantar foráil san Airteagal seo do ríomh na spriocanna monaróra i leith astaíochtaí sonracha don bhliain féilire roimhe sin, ag tosú in 2026. Dá bhrí sin, cinnfear na chéad spriocanna bliantúla don bhliain féilire 2025. Cuirfear san áireamh leis na spriocanna sin na spriocanna foriomlána laghdúcháin do 2025 agus 2030 faoi seach, chomh maith le fóntas agus sainiúlachtaí feithiclí éagsúla tromshaothair ar an mbealach céanna is a dhéantar na meánastaíochtaí sonracha a ríomh. Dá bhrí sin, déanfar na spriocanna bliantúla monaróra i leith astaíochtaí sonracha a ríomh mar mheán ualaithe na spriocanna a chinnfear do gach foghrúpa feithiclí.

Leagtar amach i Roinn 4 d'Iarscríbhinn I na foirmlí leis an sprioc i leith astaíochtaí sonracha a ríomh.

**Airteagal 7 - Creidmheasanna agus fiacha astaíochta**

Leagtar amach san Airteagal seo sásra 'baincéireachta agus iasachtaithe', lena dtugtar deis do mhonaróir tearcfheidhmíocht i dtaca lena sprioc i leith astaíochtaí sonracha in aon bhliain amháin a chur i gcothromaíocht le sárú na sprice le linn bhliain eile. Chun na críche sin, is féidir leis an monaróir creidmheasanna astaíochtaí a shábháil, má tá a chuid astaíochtaí níos ísle ná conair laghdaithe arna chinneadh mar chonair líneach ó astaíochtaí tagartha $CO_2$ 2019 go spriocanna 2025 agus ó spriocanna 2025 go spriocanna 2030. Tá gá le dhá chonair éagsúil

lena chur san áireamh go bhféadfadh na fánaí a bheith éagsúil óna chéile, ag brath ar na spriocanna beachta a chinnfear do 2025 agus 2030. Chun laghduithe luatha ar astaíochta a spreagadh, is féidir creidmheasanna astaíochta a fháil cheana don tréimhse ó 2019 go 2024, agus mar an gcéanna don tréimhse ó 2025 go 2029. Cuirtear san áireamh na creidmheasanna astaíochta a gheofar le linn na tréimhse 2019 go 2024 chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá a sprioc i leith astaíochtaí sonracha comhlíonta ag an monaróir le linn 2025 amháin. Ní cheadófar aon chreidmheasanna eile a gheofar le linn na tréimhse 2019 go 2024 a aistriú. Is féidir creidmheasanna astaíochta a fháil agus a úsáid don tréimhse ina dhiaidh sin ó 2025 go 2029 freisin. I gcás ina sháraíonn monaróir a sprioc le linn aon bhliain ó 2025 go 2029, d'fhéadfadh sé fiacha teoranta astaíochta thabhú a bheidh le glanadh in 2029 ar a dhéanaí. Ní fhéadfaidh na fiacha iomlána astaíochta a bheith níos mó ná 5% de sprioc an mhonaróra i leith astaíochtaí sonracha in 2025, nó déanfar préimh astaíochtaí iomarcacha a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 8.

Is eilimintí iad creidmheasanna astaíochta agus fiacha astaíochta a shainmhínítear chun críche na ríomhanna ach ní measfar gur sócmhainní iad atá inaistrithe nó faoi réir bearta fioscacha.

Leagtar amach i Roinn 5 d'Iarscríbhinn I na foirmlí leis an gconair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ a ríomh, chomh maith leis na creidmheasanna astaíochta agus na fiacha astaíochta.

**Airteagal 8 – Comhlíonadh na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha**

I gcás inar léir go bhfuil astaíochtaí iomarcacha ag monaróir, ag cur san áireamh na creidmheasanna astaíochta agus fiacha astaíochta atá aige i gcomhréir le hAirteagal 7, déanfaidh an Coimisiún pionós airgeadais a fhorchur i bhfoirm préimhe astaíochtaí iomarcacha. Tá leibhéal na préimhe socraithe ag 6 800 € in aghaidh an g/tkm, arb ionann é agus 570 € in aghaidh an g/km bunaithe ar mheán-phálasta 12 thonna, d'astaíochtaí iomarcacha lena léirítear costas imeallach teicneolaíochtaí a laghdaíonn $CO_2$.

Leagtar amach i Roinn 6 d'Iarscríbhinn I na foirmlí leis na hastaíochtaí iomarcacha a ríomh. Cinnfear na modhanna chun préimheanna a bhailiú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme.

**Airteagal 9 - Sonraí faireacháin a fhíorú**

Leagtar amach san Airteagal seo sásra chun nós imeachta a thabhairt isteach le haghaidh seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair, rud atá mar fhorbairt ar an reachtaíocht maidir le cineálcheadú. Déanfaidh na húdaráis cineálcheadaithe aon diallais a bhraithfear a thuairisciú, agus cuirfidh an Coimisiún na diallais sin san áireamh agus é ag seiceáil go bhfuil monaróirí ag comhlíonadh a gcuid spriocanna. Leis an bhforáil, tabharfar de chumhacht don Choimisiún na mionsonraí i leith nós imeachta mar sin a chur ar fáil trí bhíthin gníomh cur chun feidhme.

**Airteagal 10 - Sonraí agus feidhmíocht monaróra a fhoilsiú**

San Airteagal seo, liostaítear na sonraí a fhoilseoidh an Coimisiún maidir le comhlíonadh sprioc bhliantúil na monaróirí (i.e. an cinneadh maidir le faireachán bliantúil).

Leis an Airteagal tugtar de chumhacht freisin don Choimisiún astaíochtaí tagartha $CO_2$ 2019 a choigeartú i gcomhréir le nósanna imeachta (arna leagan amach in Airteagal 12 agus in Iarscríbhinn II), chun coigeartú ar na luachanna pálasta a léiriú nó athruithe ar an nós imeachta cineálcheadaithe a bhfuil tionchar neamhdhiomaibhseach acu ar na hastaíochtaí $CO_2$ arna gcinneadh i gcomhar feithicle tromshaothair. Beidh tionchar ag an gcoigeartú ar ríomh spriocanna an mhonaróra i leith astaíochtaí sonracha, ón mbliain tar éis a ghlacadh.

**Airteagal 11 – Fíorastaíochtaí $CO_2$ agus fíor-ídiú fuinnimh**

Leis an Airteagal seo tugtar de chumhacht don Choimisiún faireachán agus measúnú a dhéanamh ar a ionadaíoch atá na luachanna astaíochtaí $CO_2$ ionsamhlaithe le huirlis VECTO de bhun Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún. Chun na críche sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún a iarraidh ar na Ballstáit agus ar mhonaróirí fíorshonraí a bhailiú agus a thuairisciú. Is ionann an cur chuige sin agus an cur chuige i gcomhair feithiclí saothair éadroim agus, don chéad chéim, is gá méadair éigeantacha caighdeánaithe ídithe breosla a thabhairt isteach ar bord feithiclí tromshaothair.

**Airteagal 12 - Coigeartuithe ar Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II**

D'fhéadfadh dul chun cinn teicneolaíoch agus athruithe ar na nósanna imeachta cineálcheadaithe difear a dhéanamh do leibhéal na luachanna oifigiúla astaíochta $CO_2$ arna gcinneadh i gcomhair na bhfeithiclí tromshaothair a chuimsítear le raon feidhme an Rialacháin seo. Chun na hathruithe sin a mheas, tabharfar de chumhacht don Choimisiún leis an Airteagal seo paraiméadair theicniúla ar leith arna leagan amach in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a choigeartú, lena n-áirítear glacadh le modheolaíocht chun feithicil ionadaíocha a chinneadh in aghaidh gach foghrúpa feithiclí, bunaithe ar na hathruithe a dhéanfaí a mheas. Cloíonn na coigeartuithe atá beartaithe leis na céimeanna atá sainmhínithe go soiléir, arna leagan amach i Roinn 1 agus Roinn 2 d'Iarscríbhinn II.

**Airteagal 13 – Athbhreithniú agus tuairisciú**

Leis an Airteagal seo ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur ar fáil maidir le héifeachtacht an Rialacháin seo, tuarascáil a bheidh le seoladh isteach in 2022. Ba cheart go dtabharfar aghaidh sa tuarascáil ar an sprioc i leith laghdú astaíochtaí do 2030 chomh maith le leagan síos na spriocanna laghdúcháin i gcomhair feithiclí tromshaothair eile nach bhfuil faoi réir cheanglais laghdúcháin go fóill. Ba cheart éifeachtacht na módúlachtaí a bheith cumhdaithe sa tuarascáil freisin, i.e. an córas dreasachta i ndáil le feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha agus an sásra 'baincéireachta agus iasachtaithe', agus an gá atá le leanúint ar aghaidh leis na módúlachtaí sin tar éis 2030 a mheas. I gcás inarb iomchuí, ba cheart togra le haghaidh an Rialachán a leasú a bheith ag gabháil leis an tuarascáil.

**Airteagal 14 agus Airteagal 15 – Nós imeachta coiste agus tarmligean cumhachtaí**

Is forálacha caighdeánacha iad seo maidir leis an nós imeachta coiste agus tarmligean na gcumhachtaí.

**Airteagal 16 – Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 595/2009**

Is é is aidhm don leasú seo bunús dlí a thabhairt isteach i Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 (an Rialachán maidir le hastaíochtaí cineálcheadaithe, Euro 6) ionas go gcuirfidh an Coimisiún nós imeachta comhréireachta inseirbhíse ar bun chun astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair a fhíorú. Tá an nós imeachta sin ríthábhachtach chun go ndéanfar faireachas éifeachtach margaidh ar an gcóras cineálcheadaithe agus ar luachanna astaíochta $CO_2$ chun críocha spriocanna a chomhlíonadh.

**Iarscríbhinn I**

Leagtar amach in Iarscríbhinn I na riachtanais theicniúla agus na foirmlí do na heilimintí seo a leanas:

- Sannadh d'fhoghrúpaí feithiclí
- Meánastaíochtaí sonracha monaróra a ríomh
- Astaíochtaí tagartha $CO_2$ a ríomh

- Spriocanna monaróra i leith astaíochtaí sonracha a ríomh
- Conair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ agus na creidmheasanna agus fiacha astaíochta a ríomh
- Astaíochtaí iomarcacha monaróra a chinneadh

**Iarscríbhinn II**

Leagtar amach in Iarscríbhinn II na nósanna imeachta leis na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ a choigeartú, i.e. na fachtóirí coigeartaithe pálasta (Roinn 1) agus an mhodheolaíocht chun athruithe ar na nósanna imeachta cineálcheadaithe a chur san áireamh (Roinn 2).

2018/0143 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena socraítear caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[17],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[18],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Leagtar amach cuspóir soiléir sa Straitéis Eorpach maidir le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí: faoi lár an chéid seo, ní mór astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil iompair a bheith 60% níos lú ar a laghad ná mar a bhí in 1990, agus a bheith ag dul i dtreo nialais. Ina theannta sin, ní mór astaíochtaí truailleán aeir ón earnáil iompair a dhéanann dochar dár sláinte a laghdú go mór gan mhoill.

(2) De thoradh na straitéise maidir le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí, ghlac an Coimisiún dhá phacáiste soghluaisteachta i mBealtaine[19] agus Samhain 2017[20]. Leis na pacáistí sin, leagtar amach clár oibre dearfach lena gcuirtear chun feidhme an straitéis maidir le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí agus lena n-áirithítear aistriú rianúil i dtreo soghluaisteacht ghlan iomaíoch nasctha do chách.

(3) Is cuid den phacáiste "An Eoraip ag Gluaiseacht" an Rialachán seo lena gcuirtear chun feidhme straitéis nua beartais tionsclaíochta ó Mheán Fómhair 2017[21] agus tá sé ceaptha an próiseas a chríochnú chun cur ar chumas an Aontais lántairbhe a bhaint as

[17] IO C , , lch. .

[18] IO C , , lch. .

[19] *Europe on the Move: An agenda for a socially fair transition towards clean, competitive and connected mobility for all* [An Eoraip ag bogadh: Clár oibre le haghaidh aistriú atá cothrom go sóisialta chuig soghluaisteacht do chách atá glan, iomaíoch agus nasctha], COM(2017) 283 final.

[20] *Delivering on low-emission mobility: A European Union that protects the planet, empowers its consumers and defends its industry and workers* [An Straitéis Eorpach maidir le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí a chur chun feidhme: Aontas Eorpach a chosnaíonn an pláinéad, a chumhachtaíonn a thomhaltóirí agus a chosnaíonn a thionscal agus a oibrithe], COM(2017) 675 final

[21] *Investing in a smart, innovative and sustainable industry: A renewed EU Industrial Policy Strategy* [Infheistíocht a dhéanamh ar mhaithe le tionscal cliste, nuálach, inbhuanaithe: Straitéis athnuaite Beartais Tionsclaíochta AE], COM(2017) 0479 final

nuachóiriú agus dícharbónú na soghluaisteachta. Is é is aidhm don phacáiste an tsoghluaisteacht san Eoraip a dhéanamh níos sábháilte agus níos inrochtana, an tionscal san Eoraip a dhéanamh níos iomaíche, na poist san Eoraip a dhéanamh níos sábháilte, agus an córas soghluaisteachta a dhéanamh níos glaine agus níos oiriúnaí chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Chuige sin, teastóidh tiomantas iomlán ó thaobh an Aontais, na mBallstát agus páirtithe leasmhara de, go háirithe má táthar chun cur leis na hiarrachtaí astaíochtaí $CO_2$ agus truailliú aeir a laghdú.

(4) Leis an Rialachán seo, chomh maith leis na caighdeáin maidir le hastaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin paisinéirí agus feithiclí éadroma tráchtála[22], réitítear an bealach le haghaidh laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$ i gcás earnáil an iompair de bhóthar agus cuidíonn sé an sprioc cheangailteach a bhaint amach maidir le laghdú 40% ar a laghad a bhaint amach i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre ar fud an gheilleagair faoi 2030, i gcomparáid le 1990, faoi mar a formhuiníodh i gConclúidí na Comhairle Eorpaí an 23-24 Deireadh Fómhair 2014, agus arna fhormheas mar rannchuidiú beartaithe an Aontais arna chinneadh go náisiúnta faoi Chomhaontú Pháras ag cruinniú den Chomhairle Comhshaoil an 6 Márta 2015.

(5) Formhuiníodh i gconclúidí ón gComhairle Eorpach, Deireadh Fómhair 2014, laghdú 30% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le 2005 do na hearnálacha nach cuid de chóras trádála astaíochtaí an Aontais iad. Is í an earnáil iompair de bhóthar is cúis le cuid mhór d'astaíochtaí na n-earnálacha sin agus tá na hastaíochtaí a bhaineann léi cuid mhór os cionn leibhéil 1990 go fóill. Dá dtiocfadh méadú breise ar astaíochtaí ó iompar de bhóthar, dhéanfadh sé na laghduithe atá déanta in earnálacha eile chun an t-athrú aeráide a chomhrac a chur ar ceal.

(6) Cuireadh i dtábhacht i gconclúidí ón gComhairle Eorpach, Deireadh Fómhair 2014, ar an tábhacht a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus na rioscaí a bhaineann le bheith spleách ar bhreosla iontaise in earnáil an iompair a laghdú trí bhíthin cur chuige cuimsitheach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de chun an laghdú ar astaíochtaí agus an éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn in earnáil an iompair, le haghaidh iompar leictreach agus foinsí in-athnuaite fuinnimh in earnáil an iompair freisin tar éis 2020.

(7) Ar cheann de na cúig ghnéithe atá sa straitéis don aontas fuinnimh a glacadh an 25 Feabhra 2015, ar gnéithe iad a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile agus a neartaíonn a chéile, tá éifeachtúlacht fuinnimh chun cuidiú leis an éileamh a mhaolú ar mhaithe le fuinneamh atá slán, inbhuanaithe, iomaíoch agus inacmhainne a chur ar fáil do thomhaltóirí san Aontas. Luaitear sa straitéis don aontas fuinnimh, cé gur gá bearta a dhéanamh sna hearnálacha eacnamaíocha ar fad chun éifeachtúlacht an ídithe fuinnimh sna hearnálacha sin a mhéadú, go bhfuil cumas ollmhór san earnáil iompair ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de.

(8) Is iad astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí tromshaothair, lena n-áirítear leoraithe, busanna agus cóistí, is cúis le thart ar 6% de na hastaíochtaí $CO_2$ san Aontas ina n-iomláine agus thart ar 25% de na hastaíochtaí $CO_2$ ó iompar de bhóthar ina n-iomláine. Mura ndéantar aon bheart ina leith seo, meastar go dtiocfaidh méadú thart ar 9% ar an sciar d'astaíochtaí ó fheithiclí tromshaothair idir 2010 agus 2030. Faoi láthair, ní leagtar

---

22 Rialachán (AE) Uimh..../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais chun astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007, (IO L , ...,..., lch.).

síos le dlí an Aontais aon cheanglais maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí tromshaothair.

(9) Chun an cumas ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de a bhaint amach ina iomláine agus chun a áirithiú go gcuidíonn earnáil an iompair de bhóthar ina hiomláine an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa atá aontaithe a bhaint amach, is iomchuí na caighdeáin maidir le hastaíochtaí $CO_2$ atá i bhfeidhm cheana féin i dtaca le gluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua a chomhlánú trí chaighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ i dtaca le feithiclí nua tromshaothair a leagan síos. A bhuí leis na caighdeáin sin, spreagfar an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí lena gcuirtear an éifeachtúlacht bhreosla chun cinn, rud a chuirfidh le ceannaireacht theicneolaíoch mhonaróirí agus sholáthraithe an Aontais.

(10) Ag cur san áireamh gur fadhb thrasteorann é an t-athrú aeráide agus gur gá margadh aonair dea-fheidhmiúil a chosaint do sheirbhísí iompair de bhóthar agus, ina theannta sin, d'fheithiclí tromshaothair, is iomchuí caighdeáin maidir le hastaíochtaí $CO_2$ i dtaca le feithiclí tromshaothair a leagan síos ar leibhéal an Aontais. Ba cheart na caighdeáin sin a cheapadh sa chaoi go mbeidh siad gan dochar don dlí iomaíochta.

(11) Agus na leibhéil laghdúcháin á sainiú ba cheart do fhlít feithiclí tromshaothair an Aontais a bhaint amach, ba cheart a chur san áireamh éifeachtacht na leibhéal laghdúcháin sin chun cuidiú ar bhealach costéifeachtach astaíochtaí na n-earnálacha arna gcumhdach leis an Rialachán [maidir le comhroinnt díchill (AE) Uimh. .../2018] a laghdú faoi 2030, na costais agus na coigiltis a bheadh ann don tsochaí, do mhonaróirí, d'oibreoirí iompair agus do thomhaltóirí agus, ina theannta sin, na himpleachtaí díreacha agus indíreacha a bheadh ag na leibhéil laghdúcháin sin don fhostaíocht, an nuálaíocht agus na tairbhí indíreacha arna nginiúint i dtéarmaí truailliú aeir a laghdú agus slándáil an tsoláthair fuinnimh a fheabhsú.

(12) Tugadh isteach nós imeachta nua chun astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla feithiclí tromshaothair ar leith a chinneadh mar chuid de Rialachán (CE) Uimh. 595/2009[23] a chur chun feidhme. Le Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún[24], déantar foráil maidir le modheolaíocht, bunaithe ar an uirlis ríofa um ídiú fuinnimh feithicle (VECTO), lenar féidir astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla fhlít iomlán na bhfeithiclí tromshaothair a ionsamhlú. Leis an modheolaíocht, féadtar éagsúlacht na hearnála feithiclí tromshaothair agus ardleibhéal oiriúnaithe feithiclí ar leith a chur san áireamh. Ar dtús, ón 1 Eanáir 2019, déanfar astaíochtaí $CO_2$ a chinneadh do cheithre ghrúpa feithiclí tromshaothair arb iad is cúis le thart ar 65% go 70% d'astaíochtaí uile $CO_2$ ó fhlít feithiclí tromshaothair an Aontais.

(13) De thoradh na nuálaíochta agus chun cur chun feidhme teicneolaíochtaí nua lena gcuirtear feabhas ar éifeachtúlacht breosla feithiclí tromshaothair a chur san áireamh, déanfar uirlis ionsamhlúcháin VECTO agus Rialachán (AE) 2017/2400 a nuashonrú ar bhonn leanúnach agus go tráthrialta.

---

23 Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le mótarfheithiclí agus innill a chineál-cheadú i leith astaíochtaí ó fheithiclí saothair throm (Euro VI) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi fheithiclí a dheisiú agus a chothabháil agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 80/1269/CEE, Treoir 2005/55/CE agus Treoir 2005/78/CE

24 Rialachán ón gCoimisiún (AE) 2017/2400 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla feithiclí tromshaothair a chinneadh agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán ón gCoimisiún (AE) Uimh. 582/2011, IO L 349, 29.12.2017, lch.1.

(14) Is faoi Rialachán (AE) Uimh. .../2018 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25] a dhéanfar faireachán ar na sonraí i leith astaíochtaí $CO_2$ arna gcinneadh de bhun Rialachán (AE) 2017/2400. Ba cheart na sonraí sin a bheith mar bhonn chun a chinneadh cad iad na spriocanna laghdúcháin atá le baint amach ag na ceithre ghrúpa de na feithiclí tromshaothair is mó astaíochtaí san Aontas agus, lena chois sin, chun meánastaíochtaí sonracha monaróra i mbliain féilire ar leith a chinneadh.

(15) Ba cheart sprioc laghdúcháin a shocrú do 2025 a bheadh ina laghdú coibhneasta bunaithe ar mheánastaíochtaí $CO_2$ de chuid na bhfeithiclí tromshaothair sin in 2019, lena léirítear cur ar an margadh do ghnáthfheithiclí teicneolaíochtaí costéifeachtacha ar féidir teacht orthu go héasca. Ba cheart féachaint ar sprioc 2030 mar sprioc uaillmhianach agus ba cheart an sprioc dheiridh a shocrú de bhun athbhreithnithe a dhéanfar in 2022 óir baineann tuilleadh éiginnteachtaí leis an úsáid a fhéadfar a bhaint as teicneolaíochtaí ardfhorbartha nach bhfuil ar fáil go héasca go fóill.

(16) Breosla malartach atá ar fáil d’fheithiclí tromshaothair is ea an gás nádúrtha leachtaithe (GNL) in áit díosail. De bhíthin teicneolaíochtaí níos nuálaí atá ann cheana nó atá ag teacht chun cinn i réimse GNL a bheith á gcur ar an margadh, cuideofar spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ a bhaint amach sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma toisc gur ísle astaíochtaí $CO_2$ de thoradh theicneolaíochtaí GNL a bheith á n-úsáid i gcomparáid le feithiclí díosail. Léirítear in VECTO cheana féin, ar bhealach cuimsitheach, an dóigh a bhféadfar astaíochtaí $CO_2$ a laghdú a bhuí le feithiclí GNL. Ina theannta sin, agus a bhuí sin le teicneolaíochtaí GNL, áirithítear go mbeidh leibhéal íseal astaíochtaí truailleán aeir ann, amhail astaíochtaí $NO_x$ agus astaíochtaí ábhair cháithnínigh. Tá bonneagar athbhreoslúcháin leordhóthanach íosta ann freisin agus tá tuilleadh forbartha á dhéanamh air mar chuid de chreataí beartais náisiúnta le haghaidh bonneagar breoslaí malartacha.

(17) Nuair a bheidh astaíochtaí tagartha 2019 á ríomh, ar astaíochtaí iad a úsáidfear mar bhunús chun spriocanna laghdúcháin 2025 agus 2030 a shocrú, ba cheart an dóigh a bhféadfaí astaíochtaí a laghdú a bhuí leis an bhflít feithiclí tromshaothair, agus an laghdú a bhfuiltear ag súil leis le linn na tréimhse sin, a chur san áireamh. Is iomchuí, dá bharr sin, feithiclí seirbhíse, amhail feithiclí bailithe bruscair nó feithiclí láithreáin tógála, a eisiamh ón ríomh sin. Bíonn míleáiste réasúnta íseal ag na feithiclí sin agus, i ngeall ar a bpatrún tiomána, dealraíonn sé nach bhfuil bearta teicniúla atá ceaptha astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla a laghdú costéifeachtach sa dóigh chéanna agus atá i gcás feithiclí tromshaothair a úsáidtear chun earraí a sheachadadh.

(18) Ba cheart na ceanglais maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a shloinneadh i ngraim $CO_2$ in aghaidh tona-ciliméadar chun fóntas na bhfeithiclí tromshaothair a léiriú.

(19) Ní mór a áirithiú go leithdháilfear go cothrom na ceanglais fhoriomlána laghdúcháin ar na monaróirí, ag cur san áireamh an éagsúlacht a bhaineann le feithiclí tromshaothair ó thaobh a ndeartha agus a bpatrúin tiomána de, míleáiste bliantúil, pálasta agus cumraíocht leantóra. Is iomchuí, dá bharr sin, dealú a dhéanamh idir feithiclí tromshaothair de réir foghrúpaí feithicle difriúla agus ar leith lena léirítear gnáthphatrún úsáide na bhfeithiclí agus a n-airíonna teicniúla sonracha. Trí spriocanna sonracha bliantúla a shocrú do mhonaróirí a chomhfhreagraíonn do mheán ualaithe na spriocanna a shainítear do gach ceann de na foghrúpaí sin, tugtar freisin an deis do mhonaróirí cothromaíocht a bhaint amach ar bhealach éifeachtach idir feithiclí i bhfoghrúpaí áirithe nach n-éiríonn leo na spriocanna a bhaint amach

[25] Rialachán (AE) Uimh. .../2018 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla feithiclí nua tromshaothair, IO L ..., ..., ...

agus feithiclí i bhfoghrúpaí eile a sháraíonn na spriocanna, ag cur san áireamh meánastaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí sna foghrúpaí difriúla le linn a saolré.

(20) Is ar bhonn a mheánastaíochtaí $CO_2$ ba cheart a mheas an bhfuil ag éirí le monaróir a spriocanna sonracha bliantúla a chomhlíonadh. Chun na meánastaíochtaí sonracha a shocrú, ba cheart na sonraíochtaí a léirítear sna spriocanna a luaitear le gach foghrúpa feithicle a mheas chomh maith. Mar thoradh air sin, ba cheart meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra a bheith bunaithe ar na meánastaíochtaí a shocraítear do gach foghrúpa, lena n-áirítear ualú atá bunaithe ar an meánmhíleáiste bliantúil agus ar an meán-phálasta atá toimhdithe maidir leis na foghrúpaí sin, lena léirítear astaíochtaí iomlána $CO_2$ le linn na saolré iomláine. Toisc nach bhféadfar astaíochtaí a laghdú a bhuí le feithiclí seirbhíse ach ar dhóigh theoranta, níor cheart na feithiclí sin a chur san áireamh chun meánastaíochtaí sonracha a ríomh.

(21) Murab ionann agus gluaisteáin agus veaineanna, níl feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha nó feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle le fáil ar an margadh fós. Dá bhrí sin, ba cheart sásra tiomnaithe, i bhfoirm sár-chreidmheasanna, a thabhairt isteach chun aistriú rianúil chuig soghluaisteacht atá saor ó astaíochtaí a éascú. A bhuí leis an sásra sin, soláthrófar dreasachtaí chun feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle a fhorbairt agus a chur ar mhargadh an Aontais a chomhlánódh ionstraimí a imríonn tionchar ar an éileamh, amhail Treoir 2009/33/CE maidir le feithiclí glana ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26].

(22) Chun meánastaíochtaí sonracha monaróra a ríomh, ba cheart dá bharr feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha uile agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle uile a chomhaireamh arís agus arís eile. Ba cheart an leibhéal dreasachtaí a athrú ag brath ar astaíochtaí iarbhír $CO_2$ na feithicle. Chun a áirithiú nach ndéanfaí cuspóirí comhshaoil a lagú, ba cheart na coigiltis a dhéanfaí dá bharr a bheith faoi réir uasteorann.

(23) Níor cheart feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle a dhreasú ach amháin i gcás inar lú a n-astaíochtaí $CO_2$ ná thart ar leath de chuid astaíochtaí $CO_2$ fhlít an Aontais ina iomláine ar an meán in 2025. Tá sé sin ag teacht leis an gcur chuige a ghlactar i gcás feithiclí saothair éadroim agus thabharfadh sé spreagadh don nuálaíocht sa réimse sin.

(24) Ina theannta sin, agus an sásra dreasachta á cheapadh le haghaidh feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a chur ar an margadh, ba cheart leoraithe, busanna agus cóistí nach bhfuil faoi réir spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ faoin Rialachán seo a áireamh. Ina theannta sin, baineann tairbhí móra leis na feithiclí sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna truaillithe aeir i gcathracha. Ba cheart a thabhairt ar aird, áfach, go bhfuil busanna astaíochtaí nialasacha ar an margadh cheana agus go ndéantar iad a dhreasú trí bhearta a dhéanamh atá dírithe ar an éileamh amhail soláthar poiblí. Chun a áirithiú go bhfuil cothromaíocht mhaith ann idir na cineálacha difriúla feithiclí ó thaobh na ndreasachtaí de, ba cheart mar sin na coigiltis a dhéanfaí de thoradh leoraithe beaga astaíochtaí nialasacha, busanna astaíochtaí nialasacha agus cóistí astaíochtaí nialasacha a bheith faoi réir uasteorann.

[26] Treoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le feithiclí iompair de bhóthar atá glan agus tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn arna leasú le Treoir .../.../AE [COM(2017) 653 final] (IO L 120, 15.5.2009, lch. 5).

(25) Chun cur chun feidhme costéifeachtach na gceanglas maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a chur chun cinn agus, san am céanna, ag cur san áireamh athruithe ar chomhdhéanamh an fhlít agus ar astaíochtaí le himeacht na mblianta, ba cheart an deis a bheith ag monaróirí cothromaíocht a bhaint amach idir an bhliain ina sáraíonn siad an sprioc i leith astaíochtaí sonracha is gá dóibh a chomhlíonadh agus an bhliain nach n-éiríonn leo an sprioc sin a chomhlíonadh.

(26) Chun monaróir a dhreasú le laghdú ar astaíochtaí a bhaint amach go luath, ar monaróir é ar lú a mheánastaíochtaí sonracha ná an chonair laghdaithe astaíochtaí a shainítear trí bhíthin na n-astaíochtaí tagartha in 2019 agus sprioc 2025, ba cheart go mbeadh sé in ann na creidmheasanna astaíochtaí sin a shábháil chun go bhféadfadh sé an sprioc a chomhlíonadh in 2025. Ar an dóigh chéanna, monaróir, ar lú a mheánastaíochtaí sonracha ná an chonair laghdaithe astaíochtaí i dtaca le spriocanna a leagtar síos idir 2025 agus 2030, ba cheart go mbeadh sé in ann na creidmheasanna astaíochtaí sin a shábháil chun go bhféadfadh sé spriocanna a chomhlíonadh le linn na tréimhse ó 2025 go 2029.

(27) I gcás nach n-éireoidh le monaróir an sprioc i leith astaíochtaí sonracha a chomhlíonadh in aon cheann de na blianta idir 2025 agus 2029, ba cheart an deis a bheith aige fiach astaíochta teoranta a fháil. Faoi 2029, áfach, ba cheart do mhonaróirí aon fhiach astaíochta atá fós ann a ghlanadh.

(28) Níor cheart féachaint ar chreidmheasanna astaíochta agus fiacha astaíochta ach amháin chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil ag éirí le monaróir a sprioc i leith astaíochtaí sonracha a chomhlíonadh agus ní mar shócmhainní atá inaistrithe nó faoi réir bearta fioscacha.

(29) Ba cheart don Choimisiún pionós airgeadais a fhorchur, i bhfoirm préimhe astaíochtaí iomarcacha, i gcás inar léir go bhfuil astaíochtaí iomarcacha ag monaróir, ag cur san áireamh creidmheasanna astaíochta agus fiacha astaíochta. Chun dreasacht leordhóthanach a thabhairt do mhonaróirí chun bearta a ghlacadh lena laghdófar astaíochtaí sonracha $CO_2$ ó fheithiclí tromshaothair, ba cheart go sáródh an phréimh meánchostais imeallacha na dteicneolaíochtaí is gá chun na spriocanna a bhaint amach. Maidir leis an bpréimh, ba cheart go measfaí gur ioncam le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais í. Ba cheart an mhodheolaíocht i dtaca le bailiú préimheanna a shocrú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, ag cur san áireamh na modheolaíochta arna glacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 443/2009.

(30) Tá gá le sásra láidir um chomhlíonadh chun a áirithiú go gcomhlíontar na spriocanna faoin Rialachán seo. I ngeall ar an oibleagáid a chuirtear ar mhonaróirí de bhun Rialachán (AE) Uimh. .../2018 [faireachán a dhéanamh ar fheithiclí tromshaothair agus tuairisciú] sonraí atá cruinn a chur ar fáil agus na fíneálacha riaracháin a fhéadfar a fhorchur sa chás nach gcomhlíonfar an oibleagáid sin, déantar deimhin de go mbainfear úsáid as sonraí stóinseacha chun a áirithiú go gcomhlíontar na spriocanna faoin Rialachán seo.

(31) Chun laghdú ar $CO_2$ a bhaint amach de bhun an Rialacháin seo, is den riachtanas é go bhfuil astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair atá in úsáid i gcomhréir leis na luachanna arna socrú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus a bhearta cur chun feidhme. Ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún, dá bhrí sin, aon neamh-chomhlíonadh córasach a aimsíonn na húdaráis cineálcheadaithe maidir le hastaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí tromshaothair atá in úsáid a chur san áireamh agus é ag ríomh meánastaíochtaí sonracha monaróra.

(32) Chun go mbeidh sé inniúil ar na bearta sin a dhéanamh, ba cheart na cumhachtaí a bheith ag an gCoimisiún nós imeachta a ullmhú agus a chur chun feidhme chun comhréireacht inseirbhíse astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair arna gcur ar an margadh a fhíorú. Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 a leasú chun na críche sin.

(33) I bhfírinne, braitheann éifeachtacht na spriocanna a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a laghdú go mór ar a ionadaíoch atá an mhodheolaíocht a úsáidtear chun astaíochtaí $CO_2$ a chinneadh. I gcomhréir leis an Tuairim ón Sásra um Chomhairle Eolaíoch[27] i dtaca le feithiclí saothair éadroim, is iomchuí freisin i gcás feithiclí tromshaothair sásra a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar a ionadaíoch atá astaíochtaí $CO_2$ feithiclí agus luachanna ídithe fuinnimh arna gcinneadh de bhun Rialachán (AE) 2017/2400. Ba cheart na cumhachtaí a bheith ag an gCoimisiún lena áirithiú go mbíonn na sonraí sin ar fáil don phobal agus, i gcás inar gá, chun na nósanna imeachta a fhorbairt is gá chun na sonraí a theastaíonn chun na measúnuithe sin a dhéanamh a shainaithint agus a bhailiú.

(34) In 2022, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na gcaighdeán maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a leagtar síos sa Rialachán seo agus, go háirithe, leibhéal na laghduithe atá le baint amach faoi 2030 agus tar éis sin, na módúlachtaí ar cheart teacht a bheith orthu chun an sprioc sin a bhaint amach agus, lena chois sin, na spriocanna maidir le laghdú ar $CO_2$ a shocrú i gcás cineálacha eile feithiclí tromshaothair, amhail leoraithe beaga, busanna, cóistí agus leantóirí. Anuas air sin, ba cheart a áireamh leis an measúnú sin, chun críche an Rialacháin seo agus chun na críche sin amháin, gnéithe feithiclí tromshaothair agus feithiclí leantóirchúpláilte a sháraíonn na caighdeáin i dtaca le meáchain agus toisí is infheidhme i dtaobh iompar náisiúnta, iompar modúlach cuir i gcás.

(35) Chun a áirithiú go bhfanann astaíochtaí sonracha $CO_2$ feithiclí tromshaothair ionadaíoch agus go hiomlán cothrom le dáta, ní mór leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus ar a reachtaíocht cur chun feidhme a dhéanann difear do na luachanna sin a léiriú sa Rialachán seo. Chun na críche sin, ba cheart na cumhachtaí a bheith ag an gCoimisiún modheolaíocht a shocrú lena sainítear feithicil tromshaothair ionadaíoch do gach foghrúpa feithiclí, ar ar a bhonn ba cheart athruithe ar astaíochtaí sonracha $CO_2$ a mheas.

(36) Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann le hAirteagail 8(3), 9(3), 11(3) agus 12(2) a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28].

(37) Chun eilimintí neamhriachtanacha fhorálacha an Rialacháin seo a leasú nó a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le hastaíochtaí tagartha $CO_2$ a choigeartú de bhun Airteagal 12(2) agus i dtaca le hIarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a leasú i dtaobh paraiméadair theicniúla áirithe, lena n-airítear ualuithe na bpróifílí misin, na pálastaí, agus na míleáistí bliantúla agus, chomh maith leis sin, na fachtóirí coigeartaithe

---

27 Grúpa ardleibhéil de Comhairleoirí Eolaíocha, Tuairim eolaíoch 1/2016 *Closing the gap between light-duty vehicle real-world CO2 emissions and laboratory testing* [An bhearna a dhúnadh idir fíorastaíochtaí $CO_2$ feithicle saothair éadroim agus tástáil saotharlainne]

28 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

pálasta Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[29]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart go bhfaigheadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart go mbeadh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(38) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí nua tromshaothair a bhunú, a bhaint amach, agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr a fhairsinge agus a iarmhairtí, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Ábhar agus cuspóirí*

Chun tacú le sprioc an Aontais a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a laghdú 30% faoi bhun leibhéil na bliana 2005 in 2030 sna hearnálacha sin a chumhdaítear le hAirteagal 2 de Rialachán [maidir le comhroinnt díchill (AE) Uimh. .../2018] agus le cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, leagtar síos leis an Rialachán seo caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ i dtaca le feithiclí nua tromshaothair lena ndéanfar astaíochtaí sonracha $CO_2$ ó fhlít feithiclí tromshaothair an Aontais a laghdú i gcomparáid le hastaíochtaí tagartha $CO_2$ mar seo a leanas:

(a) 15% ón 1 Eanáir 2025 go 31 Nollaig 2029;

(b) 30% ar a laghad ón 1 Eanáir 2030 ar aghaidh faoi réir an athbhreithnithe de bhun Airteagal 13.

Beidh na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ bunaithe ar shonraí faireacháin 2019 arna dtuairisciú de bhun Rialachán (AE) Uimh. .../2018 [faireachán a dhéanamh ar fheithiclí tromshaothair agus tuairisciú], ach gan feithiclí seirbhíse san áireamh, agus déanfar iad a ríomh i gcomhréir le pointe 3 d'Iarscríbhinn I.

*Airteagal 2*
*Raon feidhme*

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí nua de chatagóir N2 agus catagóir N3 a bhfuil na hairíonna seo a leanas acu:

   (a) leoraithe dochta a bhfuil cumraíocht acastóirí 4x2 acu agus uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil a sháraíonn 16 thona;

[29] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(b) leoraithe dochta a bhfuil cumraíocht acastóirí 6x2 acu;

(c) tarracóirí a bhfuil cumraíocht acastóirí 4x2 acu agus uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil a sháraíonn 16 thona;

(d) tarracóirí a bhfuil cumraíocht acastóirí 6x2 acu.

Beidh feidhm ag an Rialachán freisin, chun críocha Airteagal 5 agus phointe 2.3 d'Iarscríbhinn I, maidir le feithiclí de chatagóir M2 agus M3 agus feithiclí de chatagóir N nach dtagann faoi réir raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 nach bhfuil na hairíonna a leagtar amach i bpointe (a) go (d) acu.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gur feithiclí nua tromshaothair i mbliain féilire ar leith na feithiclí dá dtagraítear i mír 1 má chláraítear iad san Aontas den chéad uair sa bhliain sin agus nár cláraíodh roimhe sin lasmuigh den Aontas iad.

Ní dhéanfar clárú roimhe sin, arna dhéanamh lasmuigh den Aontas tráth nach faide ná 3 mhí roimh chlárú san Aontas, a chur san áireamh.

*Airteagal 3*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "astaíochtaí tagartha $CO_2$" meán na n-astaíochtaí sonracha in 2019 i gcomhair na bhfeithiclí nua tromshaothair uile i ngach foghrúpa feithiclí, ach gan feithiclí seirbhíse san áireamh, arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 3 d'Iarscríbhinn I;

(b) ciallaíonn "astaíochtaí sonracha" astaíochtaí CO2 feithicle tromshaothair ar leith arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.1 d'Iarscríbhinn I;

(c) ciallaíonn "meánastaíochtaí sonracha" meán na n-astaíochtaí sonracha i gcomhair feithiclí nua tromshaothair monaróra i mbliain féilire ar leith arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.7 d'Iarscríbhinn I;

(d) ciallaíonn "sprioc i leith astaíochtaí sonracha" sprioc mhonaróra ar leith, arna sloinneadh in g/tkm agus arna cinneadh ar bhonn bliantúil don bhliain féilire roimhe i gcomhréir le pointe 4 d'Iarscríbhinn I;

(e) ciallaíonn "leoraí docht" leoraí nach bhfuil deartha nó déanta chun leathleantóir a tharraingt;

(f) ciallaíonn "tarracóir" aonad tarracóra atá deartha agus déanta go heisiach nó go príomha chun leathleantóirí a tharraingt;

(g) ciallaíonn "foghrúpa feithiclí" grúpa feithiclí mar a shainítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I, a bhfuil tacar comhchoiteann sainiúil critéar teicniúil mar shaintréith acu atá ábhartha chun astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla na bhfeithiclí sin a chinneadh;

(h) ciallaíonn "feithicil seirbhíse" feithicil tromshaothair nach bhfuil sé beartaithe í a úsáid chun earraí a sheachadadh agus ar ina leith a socraíodh astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus a bhearta cur chun feidhme, do phróifílí misin eile cé is moite de na cinn sin a shainítear i bpointe 2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, agus do na próifílí misin sin amháin;

(i) ciallaíonn “monaróir” an duine nó an comhlacht atá freagrach as sonraí a bhaineann le feithiclí nua tromshaothair de bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. .../2018 nó, i gcás feithiclí tromshaothair atá saor ó astaíochtaí, an duine nó an comhlacht atá freagrach don údarás ceadúnúcháin as gach gné de nós imeachta cineálcheadaithe CE nó as an gceadú aonair i gcomhréir le Treoir 2007/46/CE agus as comhréireacht na táirgeachta a áirithiú;

(j) ciallaíonn “feithicil tromshaothair astaíochtaí nialasacha” feithicil tromshaothair nach bhfuil inneall dócháin inmheánaigh aici, nó a bhfuil inneall dócháin inmheánaigh aici a astaíonn níos lú ná 1 g $CO_2$/kWh arna chinneadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus a bhearta cur chun feidhme, nó a astaíonn níos lú ná 1 g $CO_2$/km arna chinneadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus a bhearta cur chun feidhme;

(k) ciallaíonn “feithicil tromshaothair astaíochtaí ísle” feithicil tromshaothair nach feithicil tromshaothair astaíochtaí nialasacha í a bhfuil aici astaíochtaí sonracha $CO_2$ is lú ná 350 g $CO_2$/km arna chinneadh de bhun phointe 2.1 d’Iarscríbhinn I;

(l) ciallaíonn “próifíl mhisin” meascán de sprioc maidir le timthriall luais, luach pálasta, cumraíocht chabhlach nó leantóra agus paraiméadair eile, i gcás inarb infheidhme, lena léirítear an úsáid shonrach a bhaintear as feithicil, ar ar a mbonn a shocraítear astaíochtaí oifigiúla $CO_2$ agus ídiú oifigiúil breosla feithicle tromshaothair;

(m) ciallaíonn “sprioc maidir le timthriall luais” an tuairisc ar threoluas na feithicle is mian leis an tiománaí a bhaint amach nó ag a bhfuil sé teoranta i ngeall ar dhálaí tráchta, mar fheidhm den fhad arna thaisteal le linn turais;

(n) ciallaíonn “pálasta” meáchan na n-earraí nó na ndaoine a iompraíonn feithicil faoi dhálaí difriúla.

*Airteagal 4*

*Meánastaíochtaí sonracha monaróra*

Socróidh an Coimisiún, in 2020 den chéad uair agus gach bliain féilire tar éis sin, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 10(1), meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ gach monaróra in g/tkm don bhliain féilire roimhe, trí na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

(a) na sonraí arna dtuairisciú de bhun Rialachán (AE) Uimh. .../2018 [faireachán a dhéanamh ar fheithiclí tromshaothair agus tuairisciú] i dtaca le feithiclí nua tromshaothair an mhonaróra arna gclárú sa bhliain ábhartha, ach gan feithiclí seirbhíse san áireamh;

(b) an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5.

Déanfar na meánastaíochtaí sonracha a ríomh i gcomhréir le pointe 2.7 d’Iarscríbhinn I.

*Airteagal 5*

*Feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle*

1. Socróidh an Coimisiún, in 2020 den chéad uair agus gach bliain féilire tar éis sin, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 10(1), do gach monaróir an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle dá dtagraítear in Airteagal 4(b) don bhliain féilire roimhe.

Leis an bhfachtóir astaíochtaí nialasacha agus leis an bhfachtóir astaíochtaí ísle, cuirfear san áireamh líon na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle, mar aon lena n-astaíochtaí $CO_2$, i bhflít an mhonaróra i mbliain féilire, lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí nialasacha na gcatagóirí dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 2(1), chomh maith le feithiclí seirbhíse astaíochtaí nialasacha agus feithiclí seirbhíse astaíochtaí ísle.

Déanfar an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle a ríomh i gcomhréir le pointe 2.3 d'Iarscríbhinn I.

2. Chun críche mhír 1, déanfar líon na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle a chomhaireamh mar seo a leanas:

(a) comhairfear feithicil astaíochtaí nialasacha mar dhá fheithicil;

(b) comhairfear feithicil astaíochtaí ísle mar suas le dhá fheithicil de réir feidhme de chuid a hastaíochtaí sonracha $CO_2$ agus an leibhéal tairsí astaíochtaí de 350 g $CO_2$/km.

3. I ngeall ar an bhfachtóir astaíochtaí nialasacha agus ar an bhfachtóir astaíochtaí ísle, laghdófar meánastaíochtaí sonracha monaróra faoi 3% ar a mhéad. De thoradh rannchuidiú fheithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha na gcatagóirí dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 2(1) leis an bhfachtóir sin, laghdófar meánastaíochtaí sonracha monaróra faoi 1.5% ar a mhéad.

## *Airteagal 6*
## *Spriocanna monaróra i leith astaíochtaí sonracha*

Socróidh an Coimisiún, in 2026 den chéad uair agus gach bliain féilire tar éis sin, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 10(1), do gach monaróir sprioc i leith astaíochtaí sonracha don bhliain féilire roimhe. Beidh sa sprioc i leith astaíochtaí sonracha méid iomlán na dtorthaí, as measc na bhfoghrúpaí feithicle uile, de na luachanna seo a leanas:

(a) an sprioc maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ dá dtagraítear in Airteagal 1(a) nó (b), de réir mar is infheidhme;

(b) astaíochtaí tagartha $CO_2$;

(c) sciar d'fheithiclí an mhonaróra i ngach foghrúpa feithiclí;

(d) na tosca ualúcháin i dtaobh míleáiste bliantúil agus pálasta a chuirtear i bhfeidhm maidir le gach foghrúpa.

Déanfar an sprioc i leith astaíochtaí sonracha a ríomh i gcomhréir le pointe 4 d'Iarscríbhinn I.

## *Airteagal 7*
## *Creidmheasanna agus fiacha astaíochta*

1. Chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil ag éirí le monaróir a sprioc i leith astaíochtaí sonracha a chomhlíonadh le linn na tréimhse ó 2025 go 2029, cuirfear san áireamh na creidmheasanna astaíochta agus na fiacha astaíochta atá aige, a chomhfhreagraíonn do líon na bhfeithiclí nua tromshaothair de chuid an mhonaróra, gan feithiclí seirbhíse san áireamh, i mbliain féilire, arna iolrú faoin difríocht idir:

(a) conair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ an mhonaróra dá dtagraítear i mír 2 agus a mheánastaíochtaí sonracha má tá an difríocht sin dearfach ("creidmheasanna astaíochta");

(b) meánastaíochtaí sonracha an mhonaróra agus an sprioc atá aige i leith astaíochtaí sonracha má tá an difríocht sin dearfach ("fiacha astaíochta").

Gheofar creidmheasanna astaíochta le linn na tréimhse ó 2019 go 2029. Mar sin féin, ní chuirfear na creidmheasanna a gheofar le linn na tréimhse ó 2019 go 2024 san áireamh ach amháin chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil ag éirí le monaróir a sprioc i leith astaíochtaí sonracha 2025 a chomhlíonadh.

Gheofar fiacha astaíochta le linn na tréimhse ó 2025 go 2029, ach ní sháróidh an fiach iomlán 5% de sprioc i leith astaíochtaí sonracha an mhonaróra in 2025 arna iolrú faoi líon na bhfeithiclí tromshaothair de chuid an mhonaróra sa bhliain sin ("an teorainn maidir le fiach astaíochta").

Aistreofar, i gcás ina mbeidh fáil orthu, creidmheasanna astaíochta agus fiacha astaíochta a gheofar in 2025 agus in aon bhliain féilire tar éis sin go 2028 ó bhliain féilire amháin go dtí an chéad bhliain féilire eile go dtí 2029 nuair a ghlanfar aon fhiacha astaíochtaí a bheidh fágtha.

2. Socrófar conair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ dá dtagraítear i mír 1(a) do gach monaróir i gcomhréir le pointe 5.1 d'Iarscríbhinn I, bunaithe ar chonair líneach idir astaíochtaí tagartha $CO_2$ dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 1 agus sprioc 2025 a shonraítear i bpointe (a) den Airteagal sin, agus idir sprioc 2025 agus sprioc 2030 dá dtagraítear a shonraítear i bpointe (b) den Airteagal sin.

*Airteagal 8*

*Spriocanna i leith astaíochtaí sonracha a chomhlíonadh*

1. I gcás inar léir go bhfuil astaíochtaí iomarcacha ag monaróir de bhun mhír 2 i mbliain féilire ar leith ó 2025 ar aghaidh, forchuirfidh an Coimisiún préimh astaíochtaí iomarcacha arna ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

(Préimh astaíochtaí iomarcacha) = (Astaíochtaí iomarcacha x EUR 6 800/g$CO_2$/tkm)

2. Measfar astaíochtaí iomarcacha a bheith ag monaróir in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) I gcás, le linn aon cheann de na blianta féilire ó 2025 go 2028, ina sáróidh méid na bhfiacha astaíochta arna laghdú le méid na gcreidmheasanna astaíochta an teorainn maidir le fiach astaíochta dá dtagraítear in Airteagal 7(1);

(b) I mbliain féilire 2029, i gcás ina sáróidh méid na bhfiacha astaíochta arna laghdú le méid na gcreidmheasanna astaíochta nialas;

(c) Sna blianta féilire ó 2030 ar aghaidh, i gcás ina sáróidh meánastaíochtaí sonracha monaróra a sprioc i leith astaíochtaí sonracha.

Déanfar na hastaíochtaí iomarcacha i mbliain féilire ar leith a ríomh i gcomhréir le pointe 6 d'Iarscríbhinn I.

3. Cinnfidh an Coimisiún na modhanna maidir le préimheanna astaíochtaí iomarcacha a bhailiú faoi mhír 1 trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 14(2).

4. Measfar, maidir leis na méideanna a thiocfaidh ón bpréimh astaíochtaí iomarcacha, gur ioncam iad do bhuiséad ginearálta an Aontais.

*Airteagal 9*
*Sonraí faireacháin a fhíorú*

1. Tabharfaidh na húdaráis cineálcheadaithe tuairisc don Choimisiún gan mhoill i dtaca le claontaí a aimsítear in astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair atá i seirbhís i gcomparáid leis na luachanna sin a luaitear i ndeimhnithe comhréireachta nó i gcomhad an chustaiméara de thoradh fíoruithe arna ndéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in [Airteagal 5(4)(l)] de Rialachán (CE) Uimh. 595/2009.

2. Cuirfidh an Coimisiún na claontaí sin san áireamh chun críche meánastaíochtaí sonracha monaróra a ríomh.

3. Glacfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta chun na claontaí sin a thuairisciú agus chun iad a thabhairt san áireamh i ríomh na meánastaíochtaí sonracha. Déanfar na nósanna imeachta sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 14(2).

*Airteagal 10*
*Sonraí agus feidhmíocht monaróra a fhoilsiú*

1. Faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain, foilseoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, liosta ina dtabharfar na mionsonraí seo a leanas:

(a) ó 2020 ar aghaidh, i gcás gach monaróra, a mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ sa bhliain féilire roimhe sin, dá dtagraítear in Airteagal 4;

(b) ó 2020 ar aghaidh, an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle, dá dtagraítear in Airteagal 5;

(c) ó 2026 ar aghaidh, i gcás gach monaróra, a sprioc i leith astaíochtaí sonracha sa bhliain féilire roimhe sin, dá dtagraítear in Airteagal 6;

(d) ó 2020 go 2030, i gcás gach monaróra, conair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ lena mbaineann, a chreidmheasanna astaíochta agus, ó 2026 ar aghaidh, a fhiacha astaíochta sa bhliain roimhe, dá dtagraítear in Airteagal 7;

(e) ó 2026 ar aghaidh, i gcás gach monaróra, a astaíochtaí iomarcacha sa bhliain féilire roimhe sin, dá dtagraítear in Airteagal 8;

(f) ó 2020 ar aghaidh, an meán d'astaíochtaí sonracha $CO_2$ i gcomhair na bhfeithiclí nua tromshaothair uile a cláraíodh san Aontas sa bhliain féilire roimhe sin.

Áireofar sa liosta, a fhoilseofar faoin 31 Deireadh Fómhair 2020, astaíochtaí tagartha $CO_2$ dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 15 chun astaíochtaí $CO_2$ dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a choigeartú i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:

(a) i gcás ina ndearnadh na luachanna pálasta a choigeartú de bhun Airteagal 12(1)(c), i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II;

(b) i gcás inar socraíodh fachtóir coigeartaithe de bhun Airteagal 12(2), trí bhíthin an fachtóir coigeartaithe sin a chur i bhfeidhm maidir le hastaíochtaí tagartha $CO_2$.

Foilseoidh an Coimisiún na luachanna coigeartaithe i dtaca le hastaíochtaí tagartha $CO_2$ agus cuirfidh sé na luachanna sin i bhfeidhm chun spriocanna i leith astaíochtaí sonracha an mhonaróra a ríomh sna blianta féilire tar éis theacht i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe lena gcoigeartaítear na luachanna.

*Airteagal 11*
*Fíorastaíochtaí $CO_2$ agus fíorídiú fuinnimh*

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus measúnú ar a ionadaíoch agus atá luachanna astaíochtaí $CO_2$ agus ídithe breosla arna gcinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2400 i dtaca le fíordhálaí domhanda. Áiritheoidh sé go mbeidh an pobal ar an eolas faoi aon fhorbairt a thagann ar an ionadaíochas sin le himeacht ama.

2. Chun na críche sin, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh sonraí neamhphearsanta stóinseacha maidir le fíorastaíochtaí $CO_2$ agus fíorídiú fuinnimh feithiclí tromshaothair ar fáil ó mhonaróirí nó údaráis náisiúnta, de réir mar a bheidh.

3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo a ghlacadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 14(2).

*Airteagal 12*
*Coigeartuithe ar Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II*

1. Chun a áirithiú go gcuirfear san áireamh an dul chun cinn teicniúil agus an forás ar lóistíocht iompair lastais leis na paraiméadair theicniúla a úsáidtear chun meánastaíochtaí sonracha monaróra de bhun Airteagal 4 agus spriocanna i leith astaíochtaí sonracha de bhun Airteagal 6 a ríomh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 chun na forálacha seo a leanas a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a leasú:

(a) Na hiontrálacha maidir leis an gcineál cábáin agus leis an gcumhacht innill a leagtar amach i dTábla 1 d’Iarscríbhinn I agus na sainmhínithe ar “chábán codlata” agus “cábán lae” dá dtagraítear sa tábla sin;

(b) Ualuithe na bpróifílí misin a leagtar amach i dTábla 2 d’Iarscríbhinn I;

(c) Na luachanna pálasta a leagtar amach i dTábla 3 d’Iarscríbhinn I, agus na fachtóirí coigeartaithe pálasta a leagtar amach i dTábla 1 d’Iarscríbhinn II;

(d) Luachanna an mhíleáiste bhliantúil a leagtar amach i dTábla 4 d’Iarscríbhinn I.

2. I gcás ina ndéanfar nósanna imeachta a bhaineann le cineál-cheadú a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin sin a mhodhnú ionas go dtiocfaidh méadú nó laghdú is mó ná 5 g $CO_2$/km ar leibhéal astaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí ionadaíocha arna sainiú de bhun na míre seo, cuirfidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(b), coigeartú i bhfeidhm ar astaíochtaí tagartha $CO_2$ dá dtagraítear in Airteagal 11(1) a ríomhfar i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar amach i bpointe 2 d’Iarscríbhinn II.

Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar amach in Airteagal 14(2), cuirfidh an Coimisiún modheolaíocht ar bun chun feithicil ionadaíoch amháin nó níos mó d'fhoghrúpa feithiclí a shainiú, lena n-áirítear a n-ualuithe staitistiúla ar ar a mbonn a dhéanfar an coigeartú sin a shocrú, ag cur san áireamh na sonraí faireacháin arna dtuairisciú de bhun Rialachán (AE) Uimh. .../2018 agus airíonna teicniúla na bhfeithiclí a liostaítear in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2017/2400.

*Airteagal 13*
*Athbhreithniú agus tuairisciú*

Faoin 31 Nollaig 2022, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i dtaobh a éifeachtaí agus atá an Rialachán seo, an sprioc maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ atá le cinneadh do 2030 de bhun Airteagal 1 agus spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ atá le socrú i dtaobh cineálacha eile feithiclí tromshaothair lena n-áirítear leantóirí. Áireofar sa tuarascáil freisin measúnú ar éifeachtacht na módúlachtaí a bhaineann, go háirithe, le feithiclí astaíochtaí nialasacha agus feithiclí astaíochtaí ísle, go mór mór busanna ag cur san áireamh na spriocanna a leagtar síos i dTreoir 2009/33/CE[30], agus córas creidiúna $CO_2$ agus a iomchuí atá sé síneadh a chur le cur i bhfeidhm na módúlachtaí sin in 2030 agus tar éis sin agus, i gcás inarb iomchuí, beidh togra le haghaidh an Rialachán seo a leasú ag gabháil leis an tuarascáil sin.

*Airteagal 14*
*Nós imeachta coiste*

1. Déanfaidh an Coiste XXX, arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. .../2018 [Rialachas], cúnamh a thabhairt don Coimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 15*
*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10(2) agus Airteagal 12(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe amhail ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 10(2) agus Airteagal 12(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh.

[30] Treoir 2009/33/CE maidir le feithiclí glana arna leasú le Treoir .../.../AE

Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10(2) agus Airteagal 12(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 16*
*Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 595/2009*

In Airteagal 5(4) de Rialachán (CE) Uimh. 595/2009, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“(l) nós imeachta chun a fhíorú, ar bhonn samplaí iomchuí agus ionadaíoch, an bhfuil feithiclí a cláraíodh agus a tháinig isteach i seirbhís i gcomhréir le luachanna astaíochta $CO_2$ agus ídithe breosla arna gcinneadh de bhun an Rialacháin seo agus a bhearta cur chun feidhme;”.

*Airteagal 17*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thriú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena socraítear caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[31]

| |
|---|
| 34: Gníomhú ar son na haeráide |

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☑ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[32]

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

| |
|---|
| Príomhbheart reachtach de chuid an tríú pacáiste "An Eoraip ag Gluaiseacht" atá sa togra. Cuidíonn sé Straitéis Eorpach an Choimisiúin maidir le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí a chur chun feidhme, straitéis a glacadh in 2016, agus plean gníomhaíochta an Choimisiúin a chur chun feidhme maidir le héifeachtúlacht breosla a fheabhsú agus astaíochtaí feithiclí tromshaothair, i.e. leoraithe, busanna agus cóistí, a laghdú.<br><br>Cuidíonn an togra seo gealltanas an Aontais Eorpaigh a bhaint amach, mar atá laghdú intíre 40% ar a laghad ar astaíochtaí a bhaint amach faoi 2030 i comparáid le 1990. |

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

| |
|---|
| <u>Cuspóir Sonrach Uimh. 3</u><br><br>An earnáil iompair san Aontas Eorpach a dhícharbónú a thuilleadh trí bheartais chomhchuibhithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme (i gcomhar le hArd-Stiúrthóireachtaí eile amhail AS MOVE, AS GROW,....)<br><br><u>Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann</u><br><br>Gníomhaíocht ABB 34 02 – Beart aeráide ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.<br><br>Gníomhaíocht ABB 07 02 – Beartas comhshaoil ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. |

[31] ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: Buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

[32] Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Leis an togra, socrófar caighdeáin maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair a chuirfear ar an margadh.

Leis an togra, déanfar na nithe seo a leanas:

– cuideofar astaíochtaí $CO_2$ ón earnáil tromshaothair a laghdú;

– laghdófar costais oibriúcháin d'oibreoirí iompair agus/nó costais last-táille do thomhaltóirí;

– tabharfar cuidiú do thionscal na bhfeithiclí tromshaothair san Eoraip an cheannaireacht atá aige ó thaobh na teicneolaíochta agus na nuálaíochta de a choimeád.

*1.4.4. Táscairí lena léireofar toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

Táscaire 1: Meánastaíochtaí bliantúla $CO_2$ agus meánídiú breosla do gach aicme feithicle, monaróir agus Ballstát i gcás feithiclí nua tromshaothair arna gclárú san Aontas faoi raon feidhme na reachtaíochta maidir le deimhniú.

Táscaire 2: Méadú ar leibhéal na nuálaíochta arna tomhas de réir paitinní nua de chuid monaróirí Eorpacha feithiclí tromshaothair i dtaca le teicneolaíochtaí éifeachtúla ó thaobh breosla de agus feithiclí astaíochtaí nialasacha agus feithiclí astaíochtaí ísle.

Táscaire 3: Ar bhonn staitisticí de chuid Eurostat atá ar fáil go poiblí i dtaobh shonraí fostaíochta na hearnála san Aontas, déanfar faireachán ar an leibhéal fostaíochta.

Táscaire 4: Faireachán ar cháilíocht an aeir trí bhíthin sonraí maidir le truailleáin aeir arna dtuairisciú ag an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) faoi réir AirBase[33].

Táscaire 5: Déanfar faireachán ar fheabhsuithe ar an tslándáil fuinnimh ar bhonn staitisticí de chuid Eurostat maidir le hallmhairí breosla, breoslaí iompair san áireamh.

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Bheadh ar mhonaróirí feithiclí tromshaothair arna nuachlárú san Aontas na nithe seo a leanas a dhéanamh:

– spriocanna arna socrú i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ a chomhlíonadh;

– tuairisc a thabhairt don Choimisiún ar shonraí maidir le fíorídiú breosla arna dtomhas ag feistí caighdeánaithe;

– a bheith faoi réir tástálacha comhréireachta inseirbhíse, a ndéanfaí na torthaí a thuairisciú don Choimisiún.

33 Is é AirBase an bunachar sonraí Eorpach maidir le cáilíocht an aeir a bhainistíonn EEA trí bhíthin a Lárionaid Théamaigh Eorpaigh maidir le hAerthruailliú agus an tAthrú Aeráide a Mhaolú. Cuimsíonn an bunachar sonraí sin sonraí agus faisnéis maidir le cáilíocht an aeir arna dtíolacadh ag tíortha rannpháirteacha ar fud an Aontais. Is é atá sa bhunachar sonraí maidir le cáilíocht an aeir amshraith ilbhliantúil de shonraí agus staitisticí chun cáilíocht an aeir a thomhas i gcomhair roinnt truailleán aeir.

### 1.5.2. *Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas AE*

Tá na margaí le haghaidh feithiclí nua tromshaothair agus le haghaidh seirbhísí iompair araon ag oibriú ar fud an Aontais agus is dlúthchodanna den mhargadh aonair iad. De thoradh caighdeáin maidir le hastaíochtaí a shocrú ar leibhéal an Aontais, seachnófar an margadh a ilroinnt agus an iomaíocht a shaobhadh agus, chomh maith leis sin, beidh sé níos costéifeachtaí ná aon bheart a dhéanfar ar leibhéal na mBallstát aonair.

Is gá a oiread cinnteachta rialála is féidir sa tionscal mótarfheithiclí chun na hinfheistíochtaí móra caipitil a dhéanamh atá riachtanach leis an leas is mó is féidir a bhaint as barainneacht breosla feithiclí nua, agus cinnteacht rialála níos mó fós chun aistriú go príomhfhoinsí nua fuinnimh. Is le caighdeáin a chuirtear an chinnteacht sin ar fáil le linn tréimhse pleanála fadtéarmaí agus ní fhéadfaí na caighdeáin sin a chur chun feidhme leis an leibhéal céanna éifeachtachta agus cinnteachta ar leibhéal an Bhallstáit.

### 1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

I gcás feithiclí saothair éadroim, i.e. gluaisteáin agus veaineanna, de thoradh caighdeáin éigeantacha maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ar fud an Aontais, tháinig feabhas ar leibhéil éifeachtúlachta breosla agus laghdú ar astaíochtaí $CO_2$.

A bhuí leis an meastóireacht a rinneadh ar na Rialacháin atá ann cheana, thángthas ar an gconclúid go raibh an reachtaíocht fós ábhartha agus i gcomhréir le chéile den chuid is mó, agus gur tháinig laghdú suntasach ar astaíochtaí dá mbarr, agus, ag an am céanna, go raibh siad níos costéifeachtaí ná mar a ceapadh ar dtús chun na spriocanna a leagadh síos a bhaint amach.

Leis na caighdeáin maidir le hastaíochtaí $CO_2$ atá beartaithe d'fheithiclí nua tromshaothair, tógtar ar a bhfuil foghlamtha ó chur chun feidhme caighdeán maidir le hastaíochtaí d'fheithiclí saothair éadroim. Mar atá amhlaidh i gcás gluaisteán agus veaineanna, déantar foráil maidir le roinnt solúbthachta chun a áirithiú go gcuirfear na caighdeáin chun feidhme ar bhealach costéifeachtach. I ngeall ar airíonna speisialta na hearnála tromshaothair, áfach, ba ghá roinnt eilimintí nua a áireamh chun caighdeáin maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí tromshaothair a cheapadh.

### 1.5.4. *Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Tá an togra i gcomhréir le beartais soghluaisteachta an Aontais atá ann cheana, lena n-áirítear ina measc bearta amhail córas cineálcheadaithe an Aontais Eorpaigh, an Rialachán maidir le deimhniú[34], an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú[35], an Treoir maidir le hEoraifínéad[36], an Treoir maidir le meáchain agus toisí uasta údaraithe[37], an Treoir maidir le Feithiclí Glana[38], agus an Treoir maidir le Cáilíocht Breoslaí.

34 Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún
35 COM(2017) 0279 final
36 Treoir 2011/76/AE
37 Treoir 2015/719/AE
38 Treoir 2009/33/CE

1.6. **Fad agus tionchar airgeadais**

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

– ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☑ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn tréimhse tosaigh ó 2019 go ceann tréimhse neamhtheoranta,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[39]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☑ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas::

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;;

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

[39] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

Déanfar faireachán agus meastóireacht ar thionchar iarbhír na reachtaíochta trí bhíthin tacar táscairí atá oiriúnaithe do na cuspóirí sonracha beartais atá le baint amach de thoradh na reachtaíochta (féach pointe 1.4.4 thuas le haghaidh tuilleadh sonraí maidir leis na táscairí).

Le hathbhreithniú meántéarma ar an reachtaíocht dá bhforáiltear in 2022, thabharfaí deis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na reachtaíochta agus, i gcás inarb iomchuí, athruithe a mholadh.

Faoin Rialachán atá beartaithe maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí tromshaothair, tiomsóidh an Coimisiún na sonraí maidir le hastaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla a thiocfaidh as an nós imeachta deimhniúcháin. Ar an dóigh sin, tá dlúthbhaint idir faireachán agus an próiseas deimhniúcháin chomh maith le hoibriú agus bainistiú na huirlise ionsamhlúcháin um ídiú fuinnimh feithicle a ríomh (VECTO).

Leis an togra i dtaca le caighdeáin maidir le hastaíochtaí $CO_2$, moltar dhá bheart faireacháin breise chun an Rialachán maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí tromshaothair a chomhlánú:

1. Sonraí maidir le fíorídiú breosla arna dtuairisciú ag monaróirí agus atá bunaithe ar fheistí caighdeánaithe éigeantacha a bhailiú, a fhoilsiú agus faireachán a dhéanamh orthu.

2. Tástálacha comhréireachta inseirbhíse a thabhairt isteach chomh maith leis an oibleagáid diallais ó luachanna cineálcheadaithe a thuairisciú, diallais lena bhféadfaí dul i ngleic le sásra ceartúcháin.

Leis na bearta faireacháin comhlántacha sin, dhéanfaí an próiseas faireacháin a threisiú agus éifeachtacht an tionscnaimh reachtaigh atá beartaithe a áirithiú.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

#### *2.2.1. Na rioscaí a aithníodh.*

Le haghaidh an Rialacháin maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí tromshaothair, braitheann faireachán éifeachtúil ar phróiseas deimhniúcháin atá ag feidhmiú go maith agus ar shonraí iontaofa maidir le hastaíochtaí ó uirlis VECTO.

D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann caighdeáin maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a chur chun feidhme i ngeall ar an riosca a bhaineann le sonraí earráideacha maidir le hastaíochtaí nó moill maidir le tuairisciú ag monaróirí nó Ballstáit faoin Rialachán maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$.

#### *2.2.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm.*

Leagtar síos sa Rialachán Airgeadais agus sna Rialacha maidir le cur i bhfeidhm na modhanna rialaithe atá beartaithe.

*2.2.3. Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis.*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

*Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.*

| |
|---|
| Sa bhreis ar an Rialachán Airgeadais a chur i bhfeidhm chun calaois agus neamhréireachtaí a chosc, foráiltear leis an togra pionóis airgeadais i gcásanna nach gcomhlíontar na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$. Ina theannta sin, mar a míníodh anseo thuas i bpointe 2.1, foráiltear leis an togra faireachán ar fhíorídiú breosla chomh maith le tástálacha comhréireachta inseirbhíse agus sásra ceartúcháin i gcás diallas suntasach idir fíorshonraí agus sonraí cineálcheadaithe. Leis na bearta sin, déanfar deimhin de go mbeidh an togra éifeachtach agus íoslaghdófar an riosca go mbeidh neamhrialtachtaí ann. |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir<br>[2][Teideal Acmhainní Nádúrtha ………………………...……………] | LD/LN[40]. | ó thíortha de chuid CSTE[41] | ó thíortha is iarrthóirí[42] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 2 | 34 02 01: Laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (maolú) | Difreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir<br>[…][Ceannteideal………………………...………….] | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | […][XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

40 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
41 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
42 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

[Ba cheart an **scarbhileog ar shonraí buiséid de chineál riaracháin** a úsáid leis an gcuid seo a líonadh isteach (an dara doiciméad san iarscríbhinn a ghabhann leis an ráiteas airgeadais seo) agus í a uaslódáil chuig CISNET chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.]

#### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | Uimhir 2 | Fás inbhuanaithe: Acmhainní nádúrtha |
|---|---|---|

| An Coimisiún Eorpach[43] | | | Bliain **2019**[44] | Bliain **2020** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN 2019 – 2020** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| 34.02.01 | Gealltanais | (1) | 0.500 | 0.500 | | | | | | **1.000** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0.500 | 0.500 | | | | | | **1.000** |
| Uimhir na líne buiséid | Gealltanais | (1a) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2 a) | | | | | | | | |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach[45] | | | | | | | | | | |
| Uimhir na líne buiséid | | (3) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe don Choimisiún Eorpach** | Gealltanais | =1+1a +3 | 0.500 | 0.500 | | | | | | **1.000** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3 | 0.500 | 0.500 | | | | | | **1.000** |

43 Is iad seo a leanas na seirbhísí lena mbaineann: AS CLIMA, AS GROW, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

44 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

45 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0.500 | 0.500 | | | | | | **1.000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0.500 | 0.500 | | | | | | **1.000** |
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 2** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | 0.500 | 0.500 | | | | | | **1.000** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 0.500 | 0.500 | | | | | | **1.000** |

**<u>Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal amháin:</u>**

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+ 6 | 0.500 | 0.500 | | | | | | **1.000** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 0.500 | 0.500 | | | | | | **1.000** |

Leithdháilfear na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí a iarradh faoi Theideal 2 ó imchlúdach litreach LIFE atá ar fáil (faoin bhfochlár do Ghníomhú ar son na hAeráide).

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **5** | "Caiteachas riaracháin" |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN 2019 – 2020** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Coimisiún Eorpach | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | 0.429 | 0.429 | | | | | | **0.858** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0.015 | 0.015 | | | | | | **0.030** |
| **IOMLÁN An Coimisiún Eorpach** | Leithreasuithe | 0.444 | 0.444 | | | | | | **0.888** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 0.444 | 0.444 | | | | | | **0.888** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2019**[46] | Bliain **2020** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN 2019 – 2020** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 0.944 | 0.944 | | | | | | **1.888** |
| | Íocaíochtaí | 0.944 | 0.944 | | | | | | **1.888** |

46 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Sonraigh cuspóirí agus aschuir ⇩ | | | Bliain **2019** | | Bliain **2020** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN 2019 – 2020** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[47] | Meánchostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 3[48]... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | Conradh seirbhíse | 0.500 | 1 | | 1 | 0.500 | | | | | | | | | | | | 1.000 |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | 1 | 0.500 | 1 | 0.500 | | | | | | | | | | | | 1.000 |

[47] Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

[48] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. “Cuspóirí sonracha...”

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0.429 | 0.429 | | | | | | **0.858** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0.015 | 0.015 | | | | | | **0.030** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 0.444 | 0.444 | | | | | | **0.888** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5[49] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0 | 0 | | | | | | **0** |
| Caiteachas eilede chineál riaracháin | 0 | 0 | | | | | | **0** |
| **Fo-iomlánlasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 0 | 0 | | | | | | **0** |
| **IOMLÁN** | **0.444** | **0.444** | | | | | | **0.888** |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha

49 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **N+2** | Bliain N+3 | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | |
| 34 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 3 | 3 | | | |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | |
| • **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[50] | | | | | | |
| 34 01 02 01 (CA, SNE, INT ón imchlúdach iomlánaíoch) | | 0 | 0 | | | |
| XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí) | | | | | | |
| XX 01 04 yy [51] | – sa cheanncheathrú | | | | | |
| | – toscaireachtaí | | | | | |
| XX 01 05 02 (CA, SNE, INT – taighde indíreach) | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | 0 | 0 | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **3** | **3** | | | |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Beidh gá le triúr oifigeach AD breise ó 2019 ar aghaidh a bheith freagrach as reachtaíocht ábhartha cur chun feidhme a ullmhú agus as a áirithiú go gcuirfear an Rialachán chun feidhme ar bhealach éifeachtach |

50 CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht.

51 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

| | |
|---|---|
| | agus go ndéanfar faireachán agus meastóireacht éifeachtach ar an Rialachán agus ar nithe eile lena mbaineann, i dtaca le huirlis VECTO a oibriú agus an próiseas deimhniúcháin a bhainistiú. Tugtar mionchur síos ar na cúraimí sonracha anseo thíos.<br>1. Cúraimí a bhaineann leis an Rialachán a chur chun feidhme:<br>a. Spriocanna laghdúcháin i leith astaíochtaí $CO_2$ a shocrú do mhonaróirí aonair agus línte creidmheasa chun gur féidir creidmheasanna astaíochtaí a shábháil;<br>b. Nósanna imeachta maidir le creidmheasanna a shábháil agus a fháil ar iasacht a eagrú, a mhaoirsiú agus a rialú;<br>c. An sásra dreasachta le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus feithiclí astaíochtaí ísle a eagrú, a mhaoirsiú agus a rialú;<br>d. An sásra athbhreithnithe a chur ar bun agus a chur chun feidhme in 2022 – athbhreithniú ar na spriocleibhéil, línte creidmheasa, na huasteorainneacha is infheidhme, an raon feidhme a leathnú etc.;<br>e. Maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas lena bhailítear sonraí maidir le fíorastaíochtaí, lena bhfoilsítear na sonraí sin agus lena ndéantar faireachán orthu. Aon bheart ceartaitheach, i gcás inar gá é, a shainaithint agus a rialú.<br>f. Torthaí ó thástálacha comhréireachta inseirbhíse a mhaoirsiú agus anailís a dhéanamh orthu. Aon sásra ceartaitheach, i gcás inar gá é, a shainaithint agus a rialú.<br>g. Measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht ar bhonn bliantúil agus ilbhliantúil, lena n-áirítear pionóis a chur i bhfeidhm agus a bhailiú.<br>2. Cúraimí a bhaineann le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán.<br>3. Cúraimí a bhaineann le huirlis VECTO:<br>a. an uirlis a fhorbairt a thuilleadh trí bhíthin teicneolaíochtaí nuálacha nua a chur san áireamh agus “nós imeachta mear” a chur ar bun;<br>b. “nós imeachta mear VECTO” a bhainistiú nuair a bheidh sé curtha ar bun (nós imeachta a bheidh ar aon dul leis an “nós imeachta éiceanuálaíochta” i réimse na bhfeithiclí saothair éadroim);<br>c. VECTO a leathnú a thuilleadh chun busanna, cóistí agus leoraithe beaga a chumhdach mar aon le leantóirí agus cumraíocht iarbhír leoraithe;<br>d. oibriú uirlis VECTO a bhainistiú go lárnach ar ardán gréasáin, rud a d’fhéadfadh a bheith riachtanach chun déileáil le ceaduithe ilchéimneacha (i gcás busanna agus cóistí agus i gcás deimhnithe do chruthanna cabhlach atá in úsáid), le faisnéis do chustaiméirí (ionsamhlú comparáideach feithiclí difriúla le linn próifílí misin saincheaptha) agus tástáil neamhspleách |

| | |
|---|---|
| | (ionsamhluithe tástála fíorúcháin a reáchtáil);<br>e. uirlisí cúnta a bhainistiú lena dtugtar tacaíocht do VECTO, m.sh. próiseas ceadúnúcháin d'uirlisí tráchtála i dtaca le dinimic ríomhaireachtúil na sreabhán (DRS) nó uirlis tagartha DRS a fhorbairt ag an gCoimisiún;<br>f. a áirithiú go bhfuil líon leordhóthanach ball foirne ann a bhfuil eolas leordhóthanach cuimsitheach acu chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br>i. is féidir leis an gCoimisiún VECTO a oibriú ar bhonn laethúil go neamhspleách ar chonraitheoirí seachtracha;<br>ii. is féidir tairiscintí i dtaca le forbairt a shonrú go grinn agus go mionsonraithe (m.sh. tuairisc ar mhodúil aonair cláir ar leibhéal feidhme) sa dóigh a mbeidh rochtain ag raon leathan tairgeoirí orthu, lena n-áirítear tairgeoirí nach raibh cur amach acu ar uirlis VECTO roimhe sin.<br>4. Cúraimí a bhaineann leis an bpróiseas deimhniúcháin:<br>a. a áirithiú go ndéanfar an próiseas a choimeád cothrom le dáta go tráthúil agus go n-áirítear leis na gnéithe is gá chun na caighdeáin maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a chur chun feidhme mar is ceart;<br>b. bonn taca a chur faoi "nós imeachta mear VECTO" trí bhíthin teicneolaíochtaí nua a chur san áireamh.<br>D'ainneoin go bhfuil baint ag na cúraimí a luaitear faoi phointe 3 agus pointe 4 thuas le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le tuairisciú agus monatóireacht agus, chomh maith leis sin, le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Deimhniú, is cúraimí difriúla iad agus tá siad sa bhreis ar na cúraimí a dhéanann baill foirne atá ag obair sna réimsí sin faoi láthair.<br>Chun na cúraimí i bpointe 3 a chur chun feidhme, iarradh go gcuirfí ar fáil beirt ghníomhairí ar conradh don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil chun tacú le cur chun feidhme an chórais tuairiscithe agus chun córas dearbhaithe cáilíochta agus córas rialaithe cáilíochta sonraí a ullmhú.<br>Chun na cúraimí i bpointe 4 a chur chun feidhme, is gá acmhainní daonna breise a bhfuil saineolas acu ar VECTO chun an Rialachán maidir le Deimhniú a nuashonrú. |
| Pearsanra seachtrach | Neamhbhainteach |

3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☑ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| |
|---|
| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.<br>[…] |

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.<br>[…] |

3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam..

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[52] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá “sannta”, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Tá an Rialachán ceaptha ar bhealach lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh monaróirí uile é. Dá bharr sin, ní mheastar go nginfear ioncaim trí bhíthin na bpréimheanna astaíochtaí sonracha dá bhforáiltear faoi Airteagal 8. Mar sin féin, i gcás ina nginfear ioncaim i ngeall ar chur chun feidhme fhorálacha an Airteagail sin, déanfar an t-ioncam sin a ionchorprú i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. Sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo, tugtar raonta préimheanna astaíochtaí iomarcacha a d’fhéadfadh bheith ann agus a d’fhéadfadh a bheith dlite i gcás neamh-chomhlíontachta.

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

[…]

52 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25% de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.